# Ollscoil Teicneolaíochta

# Bhaile Átha Cliath

## Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Clár Ábhar


| | Leathanach |
|---|---|
| RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH | 3 |
| RÁITEAS MAIDIR LEIS AN RIALÚ INMHEÁNACH | 4-6 |
| TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA | 7-9 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI IONCAM CUIMSITHEACH | 10-11 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI ATHRUITHE SNA CÚLCHISTÍ AGUS SA CHUNTAS CAIPITIL | 12 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOIN STAID AIRGEADAIS | 13 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE SREAFAÍ AIRGID | 14 |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 15-44 |
| AGUISÍN NACH CUID DE CHUNTAIS NA hOLLSCOILE É AGUS NACH nDÉANANN AN tARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE INIÚCHADH AIR | 45 |
| TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS FHONDÚIREACHT OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 LÚNASA 2019 | |

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

# Ráiteas ar fhreagrachtaí Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil) faoi théarmaí Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 (an tAcht) agus Ordú Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta (alt 36) (an Lá Ceaptha), 2018 (I.R. Uimh. 437 de 2018).

Ceanglaítear ar an Ollscoil faoin Acht ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ar staid a cúrsaí an 31 Lúnasa 2019 agus ar a hioncam agus caiteachas don tréimhse an 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Lúnasa 2019.

Rinneadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht agus Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir (na hInstitiúidí) a dhíscaoileadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. Ar an dáta sin, rinneadh cearta, oibleagáidí agus baill foirne na nInstitiúidí a aistriú chuig an Ollscoil i gcomhréir leis an Acht.

Agus na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Ollscoil:

- Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais a ullmhú de réir choincheap an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbíonn sé iomchuí é sin a dhéanamh.
- Aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Bhí an Ollscoil freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtar, go réasúnta cruinn, ag aon am ar bith staid airgeadais na hOllscoile agus a chur ar a cumas di a chinntiú go ndéanann na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, a chomhlíonadh.

Bhí an Ollscoil freagrach fosta as a sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Arna shíniú:______________________**

**Imelda Reynolds,**
**Cathaoirleach ar an**
**mBord Rialaithe**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Arna shíniú:____________________________________**

**An tOllamh David FitzPatrick, Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Dáta: 12 Samhain 2020**

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## RÁITEAS MAIDIR LEIS AN RIALÚ INMHEÁNACH

### Freagracht as Córas an Rialaithe Inmheánaigh

Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil) faoi théarmaí Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 (an tAcht) agus Ordú Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta (alt 36) (an Lá Ceaptha), 2018 (I.R. Uimh. 437 de 2018). Rinneadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht agus Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir (na hInstitiúidí) a dhíscaoileadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. Ar an dáta sin, rinneadh cearta, oibleagáidí agus baill foirne na nInstitiúidí a aistriú chuig an Ollscoil i gcomhréir leis an Acht

Aithníonn an Bord Rialaithe a fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Sa chóras rialaithe inmheánaigh, tá na próisis sin a úsáidtear chun na rioscaí suntasacha a bhíonn ag an Ollscoil i mbainistíocht a cúrsaí a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

Tá an córas deartha le riosca a bhainistiú seachas a dhíchur. Aithnítear nach féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhirt a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

### Príomhnósanna Imeachta maidir le Rialú

Tá Bord Rialaithe na hOllscoile ag glacadh céimeanna lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe ann, lena n-áirítear:

- Freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a chruthú le clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go mbíonn gníomh cuí ceartaitheach ann.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta don bhainistíocht, nósanna imeachta a chuimsíonn leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Go háirithe, tá nósanna imeachta agus rialacháin ann a ndéantar iad a dhoiciméadú, a chur i bhfeidhm agus a choinneáil cothrom le dáta, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus athbhreithniú bliantúil ar bhuiséad agus comhaontú ó Bhord Rialaithe na hOllscoile ina leith.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag Bord Rialaithe na hOllscoile (agus a choistí) ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, lena n-áirítear tuarascálacha maidir leis an bhfeidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid.
- Spriocanna a fhorbairt chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla a fhorbairt atá sainithe go soiléir.
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal a fhorbairt.
- Tá próisis maidir le cáilíocht acadúil ar bun le haghaidh cláir acadúla. Áirítear leo sin scrúdaitheoirí seachtracha, painéil bhailíochtaithe sheachtracha agus painéil athbhreithnithe (idir inmheánach agus seachtrach) ag céimeanna éagsúla sa timthriall cáilíochta acadúla.

Baineadh feidhm as meascán de rannóg inmheánach iniúchóireachta na hOllscoile agus soláthraí seachfhoinsithe le feidhm iniúchóireachta inmheánaí a dhéanamh. Tá obair na hiniúchóireachta inmheánaí ag feidhmiú i gcomhréir leis na treoirlínte maidir leis an dea-chleachtas is fearr atá leagtha amach sa Chód Rialachais arna nglacadh ag an Ollscoil. Anailís ar an riosca a bhfuil an Ollscoil neamhchosanta air a chuireann eolas ar fáil don Iniúchóireacht Inmheánach, agus tá pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin. Is é Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird Rialachais a dhéanann na pleananna a fhormheas.

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN RIALÚ INMHEÁNACH (ar lean.)**

Tuairiscíonn feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí don choiste seo i ngach cruinniú. Bhí cruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca dhá (2) uair le linn na tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019 agus cuireadh tuarascálacha ó gach cruinniú faoi bhráid Bhord Rialachais na hOllscoile. Ar an ábhar nach bhfuil sa tráth seo ach tréimhse ocht mí, cuirfear Tuarascáil Bhliantúil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi bhráid Bhord Rialachais na hOllscoile don tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Lúnasa 2020.

Chun teacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, rinneadh Cód Rialachais athbhreithnithe don Ollscoil a ullmhú ar ghlac Bord Rialaithe na hOllscoile leis ar an 10 Aibreán 2019. Sa chód, tugtar achoimre ar na ceanglais shuntasacha maidir leis an nochtadh airgeadais atá léirithe sna ráitis airgeadais.

Le linn na tréimhse atá á tuairisciú, mheas Bord Rialaithe na hOllscoile go raibh sé i ndiaidh ceanglais an chóid a chomhlíonadh.

**An Bhainistíocht Riosca**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil ar fud gach réimse den Ollscoil. Tá an córas bunaithe ar na prionsabail sa chreat bainistíochta riosca atá ag Committee of Sponsoring Organizations of the Treadway Commission (COSO) trína ndéantar rioscaí a mheas bunaithe ar thionchar agus dóchúlacht a dtarlaithe. Úsáideadh modhanna éagsúla le riosca a bhainistiú: cláir mhionsonraithe um riosca áitiúil, clár um riosca corparáideach agus pleananna gnímh arna nginiúint ag feidhmeanna coláiste agus seirbhísí tacaíochta. Rinneadh na cláir riosca a nuashonrú le linn na tréimhse agus cuireadh Clár Riosca Corparáidigh na hOllscoile faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bhoird Rialachais i Meán Fómhair 2019.

Agus an córas seo á leabú, aithníodh roinnt réimsí a bhféadfaí a fheabhsú agus rinneadh roinnt feabhsuithe, lenar áiríodh: cláir um riosca áitiúil a chur isteach go tráthúil; nasc soiléir idir pleananna gnímh chun na rioscaí a aithnítear a mhaolú; agus caighdeánú ar fud na hOllscoile i dtaca le riosca a rátáil. Bhunaigh an Ollscoil Grúpa um Chomhlíonadh a bhfuil athbhreithniú déanta aige ar na próisis maidir le riosca ar fud na hOllscoile. Tá Beartas Riosca athbhreithnithe curtha le chéile don Ollscoil ag an ngrúpa. Is é an toradh a bheidh air sin ná go mbeidh feidhm riosca ann ar fud na hOllscoile a bheidh iomlán comhordaithe. Ghlac an Bord Rialaithe le Clár Riosca Corparáidigh Ollscoile agus Beartas Riosca Ollscoile ar an 11 Nollaig 2019. Tá Ráiteas Inghlacthachta athbhreithnithe á dhréachtú don Bhord Rialaithe lena fhormheas.

Tugann sé sin dearbhú breise do Cheannasaíocht Shinsearach na hOllscoile, Bord Rialaithe na hOllscoile agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord Rialachais na hOllscoile go bhfuil córas cuí éifeachtach i leith na bainistíochta riosca ag feidhmiú san Ollscoil

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha**

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird Rialachais ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh á gcur ar an eolas ag obair an Uachtaráin agus na bhfoirne ceannasaíochta sinsearaí san Ollscoil. Tá siadsan freagrach as creat an rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, trí obair fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí agus a dhéanann plean na hIniúchóireachta Inmheánaí a cheadú don bhliain.

Rinneadh athbhreithnithe foirmiúla ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha ar gach ceann de na champais mar seo a leanas;

Campas na Cathrach OT Baile Átha Cliath a bhain leis an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2018 go dtí an 31 Lúnasa 2019
Campas Thamhlachta OT Baile Átha Cliath a bhain leis an tréimhse ón 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019
Campas Bhaile Bhlainséir OT Baile Átha Cliath a bhain leis an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2018 go dtí an 31 Lúnasa 2019

Cuireadh na hathbhreithnithe sin faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i Meán Fómhair 2019, Deireadh Fómhair 2019 agus Márta 2020 faoi seach. Bhain gach ceann de na hathbhreithnithe sin le tréimhsí roimh an 1 Eanáir 2019 agus ina dhiaidh, dáta bunaithe Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Cuireadh fianaise ar fáil ann go raibh an córas rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú mar a beartaíodh don tréimhse 8 mí lena mbaineann na ráitis airgeadais seo. I ndiaidh gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord Rialachais ar gach ní a ndearnadh plé orthu. Rinneadh na trí athbhreithniú a chur faoi bhráid an Bhoird Rialachais, a rinne iad a mheas, mar chuid den chruinniú an 4 Samhain 2020.

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN RIALÚ INMHEÁNACH (ar lean.)**

**Ráiteas Rialaithe Bliantúil**

Rinne Bord Rialaithe na hOllscoile an Ráiteas Rialaithe Bliantúil a fhormheas mar chuid dá chruinniú an 4 Samhain 2020.

**Soláthar**

D'íoc an Ollscoil íocaíochtaí €1.145 milliún le 33 soláthraí sa tréimhse a bhain le hearraí agus seirbhísí a cheannach nach raibh faoi réir próiseas iomaíoch tairisceana. Mar sin de, bhí na ceannacháin sin neamhchomhlíontach le treoirlínte náisiúnta maidir leis an soláthar poiblí.

Ghlac an Bord Rialaithe le Ráiteas Soláthair OT Baile Átha Cliath, inar cuireadh san áireamh Pleananna Soláthair Chorparáidigh na dtrí champas eile, mar chuid dá chruinniú ar an 1 Eanáir 2019. Tá próisis curtha ar bun chun neamhchomhlíonadh nósanna imeachta maidir le soláthar a bhrath. Áirítear leo siúd;

- tairseach tairisceana amháin don Ollscoil a chur ar bun
- tús áite a thabhairt do thairiscintí le haghaidh réimsí a bhfuil riosca iontu maidir le comhlíonadh i gcás caiteachais
- caithfear aon phróiseas tairisceana a thosaíonn ar an gcampas a fhorbairt i gcomhar le comhghleacaithe cuí ar fud gach campas agus conradh ar fud OT Baile Átha Cliath atá san chonradh a thagann as
- tuarascálacha caiteachais a mhonatóiriú ina ngabhtar an caiteachas ar fad ar fud na hOllscoile
- faomhadh chun bainisteoir soláthair a cheapadh don Ollscoil

Diomaite den neamhchomhlíonadh soláthair a leagadh amach thuas, níor aithníodh aon laigí ábhartha eile.

**Arna shíniú:**

**Imelda Reynolds,**
**Cathaoirleach ar an mBord**
**Rialaithe**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Arna shíniú: An tOllamh David**
**FitzPatrick, Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile**

**Átha Cliath. Dáta: 12 Samhain 2020**

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Tuarascáil an Iniúchóra

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais – Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath iniúchta agam don tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Lúnasa 2019 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Is éard atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite ar athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipitil
- an ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa an 31 Lúnasa 2019 agus ar a ioncam agus caiteachas don tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Lúnasa 2019 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bonn na tuairime

Thug mé faoin iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAnna) mar atá siad á gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cuntas ar na freagrachtaí atá agamsa faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus tá na freagrachtaí eitice eile atá agam comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leordhóthanach agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a sholáthar don tuairim atá agam.

### Tuarascáil ar fhaisnéis diomaite de na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha faoi mo bhráid ag an Ollscoil mar aon leis na ráitis airgeadais. Mar chuid den fhaisnéis sin, tá ráiteas ar fhreagrachtaí na hOllscoile, ráiteas ar rialú inmheánach agus ráitis iniúchta airgeadais le haghaidh Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019. Tá cuntas san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo maidir leis na freagrachtaí atá agam tuairisciú i leith faisnéis mar sin, agus i leith nithe áirithe eile, a dtuairiscím orthu mar eisceacht.

### *Neamhchomhlíonadh soláthair*

Sa ráiteas maidir leis an rialú inmheánach, nochtar ann gur thabhaigh an Ollscoil caiteachas suntasach ar earraí agus seirbhísí nach ndearna an soláthar ina dtaobh treoirlínte soláthair a chomhlíonadh. Leagtar amach sa ráiteas fosta na céimeanna a glacadh nó atá beartaithe chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**19 Samhain 2020**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird Rialaithe

Tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar amach faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018
- déanamh cinnte go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú an bhfuil sé cuí coincheap an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- aon rialú inmheánach faoi mar a mheastar gá a bheith leis ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, ráitis airgeadais na hOllscoile a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt i dtaca leo do Thithe an Oireachtais.

Is é is cuspóir dom agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir lena bhfuil na ráitis ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is é is dearbhú réasúnta ann ardleibhéal ráthaíochta, ach ní dearbhú é go ndéanfaidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le ISAnna míráiteas ábhartha a bhrath nuair is ann dó. Féadann míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar gur ábhartha iad más é an cás, ina n-aonar nó nuair a chuirtear le chéile iad, go bhféadfá a bheith ag súil go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar pháirt d’iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, tugaim breithiúnas gairmiúil agus cloím leis an sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais a aithint agus a mheas, bíodh sé sin mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bonn a sholáthar don tuairim a bheidh agam. Is airde an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha atá ann mar gheall ar chalaois a bhrath ná i gcás ceann atá ann mar gheall ar earráid, óir féadfaidh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d’aon ghnó, mífhaisnéisí nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist más calaois atá i gceist.
- Faighimse tuiscint ar rialú inmheánach de réir mar is ábhartha don iniúchadh d’fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sna cúinsí, ach ní ar mhaithe le tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim cuibhiúlacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh a mheas, agus mar an gcéanna le réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Tagaim ar chonclúid maidir le cuibhiúlacht choincheap an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le héiginnteacht ábhartha a bheith ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor nochtuithe mar sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá na conclúidí atá agam bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta atá faighte suas le dáta na tuarascála seo agamsa. Bíodh sin mar atá, d’fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha san am atá le teacht a bheith mar chúis leis an Ollscoil stad de bheith mar ghnóthas leantach.
- Déanaim léargas agus struchtúr na ráiteas airgeadais, agus dá bhfuil iontu, ar an iomlán a mheas, na nochtuithe san áireamh, mar aon le measúnú a dhéanamh le fáil amach an léirítear na hidirbhearta agus teagmhais sna ráitis airgeadais ar bhealach a bhaineann léargas cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil sé de chúram orthu plé le cúrsaí rialachais i dtaca le, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú na hiniúchóireachta agus torthaí suntasacha iniúchóireachta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn na hiniúchóireachta.

### Faisnéis diomaite de na ráitis airgeadais

Maidir leis an tuairim atá agam ar na ráitis airgeadais, ní chuirtear san áireamh ansin an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir leis an iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, an méid sin á dhéanamh agam, measúnú a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar chúrsaí go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith ar bhealach eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Tá an iniúchóireacht seo agamsa á cur ar bun faoi threoir na gcúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát i dtaca le bainistíocht agus feidhmiúchán na gcomhlachtaí sin. Má bhíonn nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ar tugadh faoi ghnó poiblí, déanaim an méid sin a thuairisciú.

Féachaim chuige fianaise a fháil a bhaineann le rialtacht idirbheart airgeadais le linn na hiniúchóireachta. Má bhíonn aon chás ábhartha ann nár cuireadh i bhfeidhm airgead poiblí chun na gcríoch a bhí leis, nó nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad, déanaim an méid sin a thuairisciú.

Déanaim an méid seo a leanas a thuairisciú, mar eisceacht, más é an tuairim atá agam,

- Nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam a bhí de dhíth orm don iniúchóireacht, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite faoi Ioncam Cuimsitheach don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | Nóta | 2019<br>8 mí<br>Iomlán<br><br>€'000 | 2018<br>16 mhí<br>Iomlán<br><br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 3 | 70,367 | 130,940 |
| Táillí teagaisc | 4 | 60,191 | 118,622 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 19 | 17,975 | 23,412 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5 | 11,229 | 24,956 |
| Maoiniú tacaíochta Mac Léinn | 7 | 1,008 | 2,674 |
| Gnóthachan as díolachán sócmhainní | 12 | 134,474 | 16,260 |
| Ioncam Eile | 8 | 9,694 | 18,726 |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | 28 | 37,527 | 76,842 |
| Ioncam úis | | 24 | 54 |
| **Ioncam Iomlán** | | 342,489 | 412,486 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 9 | 116,002 | 217,616 |
| Costas sochair scoir | 28 | 37,527 | 76,842 |
| Caiteachas oibriúchán eile | 10 | 33,270 | 77,053 |
| Dímheas | 12 | 8,225 | 16,516 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 195,024 | 388,027 |
| **Barrachas roimh cháin** | | 147,465 | 24,459 |
| **Cánachas** | | (19) | (17) |
| **Barrachas don tréimhse** | | **147,446** | **24,442** |

## *Ráiteas Comhdhlúite faoi Ioncam Cuimsitheach don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019*

| | Nóta | 2019<br>8 mí<br>Iomlán<br>€'000 | 2018<br>16 mhí<br>Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Laghdú ar dhliteanais phinsin a tháinig as daoine ag imeacht ar scor le linn na tréimhse | 28 | (7,120) | (34,266) |
| Caillteanais/(gnóthachan) taithí ar oibleagáidí a bhaineann le sochar scoir | 28 | 12,355 | (22,263) |
| Athruithe ar fhoshuíomhanna atá mar bhun le luach oibleagáidí | 28 | 143,041 | (14,891) |
| **(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireachta ina n-iomláine sa tréimhse** | | 148,276 | (71,420) |
| Coigeartú le haghaidh maoiniú sochair scoir iarchurtha | 28 | (148,276) | 71,420 |
| **Ioncam cuimsitheach ina iomláine don tréimhse** | | **147,446** | **24,442** |

Sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach cuirtear san áireamh na gnóthachain agus caillteanais go léir a aithníodh sa tréimhse. Tá nótaí 1 go 29 mar pháirt de na ráitis airgeadais seo.

**Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:**

____________________________
**Imelda Reynolds**
**Cathaoirleach ar an mBord Rialaithe**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

____________________________
**An tOllamh David FitzPatrick**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Dáta: 12 Samhain 2020**

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite faoi Athruithe ar Chúlchistí agus ar an gCuntas Caipitil don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | Deontais chaipitil iarchurtha €'000 | Cúlchiste forbartha caipitil €'000 | Cúlchistí ioncaim €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Meán Fómhair 2017** | **183,863** | **33,507** | **50,774** | **268,144** |
| Barrachas don bhliain | - | - | 24,442 | 24,442 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | (23,412) | - | - | (23,412) |
| Arna leithroinnt ar chaipiteal | 7,566 | - | (690) | 6,876 |
| Aistriú chuig cúlchiste forbartha caipitil | - | 6,642 | (6,642) | - |
| Aistriú ón gcúlchiste forbartha caipitil | 422 | (5,882) | 5,460 | - |
| Miondeontas caipitil Stáit a leithroinneadh ar chaipiteal | - | - | - | - |
| Tionscadail chaipitil | - | - | - | - |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2018** | **168,439** | **34,267** | **73,344** | **276,050** |
| Barrachas don bhliain | - | - | 147,445 | 147,445 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | (17,975) | - | - | (17,975) |
| Arna leithroinnt ar chaipiteal | 3,058 | - | - | 3,058 |
| Aistriú chuig cúlchiste forbartha caipitil | - | 951 | (951) | - |
| Aistriú ón gcúlchiste forbartha caipitil | 28 | (433) | 405 | - |
| Miondeontas caipitil Stáit a leithroinneadh ar chaipiteal | - | - | - | - |
| Tionscadail chaipitil | - | - | - | - |
| **Iarmhéid an 31 Lúnasa 2019** | **153,550** | **34,785** | **220,243** | **408,578** |

Tá nótaí 1 go 29 mar pháirt de na ráitis airgeadais seo.

**Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:**

**Imelda Reynolds,**
**Cathaoirleach ar an mBord Rialaithe**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**An tOllamh David Fitzpatrick,**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Dáta: 12 Samhain 2020**

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite faoin Staid Airgeadais
## Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | Nóta | **Arna chomhdhlúthú ar 31/08/2019 €'000** | Arna **chomhdhlúthú ar 01/01/19 €'000** |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 12 | 202,304 | 217,777 |
| | | | |
| **Féichiúnaí fadtéarma** | | | |
| Iasacht GDA | 27 | 50,226 | 20,658 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Infháltais | 15 | 14,474 | 7,119 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 16 | 202,291 | 115,767 |
| | | 216,765 | 122,886 |
| **Lúide: Suimeanna iníoctha:** méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin 17 | | 60,717 | 85,271 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 156,048 | 37,615 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 408,578 | 276,050 |
| | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Sochar Scoir | 28 | (1,031,880) | (840,487) |
| Sócmhainn chun sochar scoir iarchurtha a mhaoiniú | 28 | 1,031,880 | 840,487 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | **408,578** | **276,050** |
| | | | |
| **Cúlchistí srianta** | | | |
| Deontais chaipitil iarchurtha | 19 | 153,550 | 168,439 |
| | | 153,550 | 168,439 |
| **Cúlchistí neamhshrianta** | | | |
| Cúlchiste ioncaim agus caiteachais | | 220,243 | 73,344 |
| Cúlchiste forbartha caipitil | 20 | 34,785 | 34,267 |
| | | 255,028 | 107,611 |
| **Cúlchistí iomlána** | | **408,578** | **276,050** |

Tá nótaí 1 go 29 mar pháirt de na ráitis airgeadais seo.

**Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:**

| | |
|---|---|
| **Imelda Reynolds** | **An tOllamh David FitzPatrick,** |
| **Cathaoirleach ar an mBord Rialaithe** | **Uachtarán** |
| **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath** | **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath** |

**Dáta: 12 Samhain 2020**

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | Ocht mí Tréimhse dar críoch an 31 Lúnasa 2019 €'000 | Sé mhí dhéag Tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Farasbarr ioncaim a sháraíonn caiteachas | 147,446 | 24,442 |
| Gnóthachan as díolachán sócmhainní seasta | (134,474) | (16,260) |
| Dímheas sócmhainní seasta | 8,225 | 16,516 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | (17,985) | (23,412) |
| Laghdú/(méadú) ar infháltais | (36,923) | 4,257 |
| Laghdú/(méadú) ar shuimeanna iníoctha | (24,554) | 32,375 |
| Ioncam úis | (24) | (54) |
| Deontais chaipitil a fuarthas | 91 | 1,462 |
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | (58,198) | 39,326 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil | (3,544) | (22,082) |
| Fáltais as díolachán sócmhainní seasta | 145,634 | 24,060 |
| Deontais athfhillteacha Stáit a caitheadh ar shócmhainní reatha | 1,923 | 3,092 |
| Cistí eile a caitheadh ar shócmhainní seasta | 1,057 | 3,769 |
| Íocaíochtaí Tionscadal Caipitil | (372) | (422) |
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | 144,698 | 8,417 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | |
| Ús a fuarthas | 24 | 54 |
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | 24 | 54 |
| **Glanmhéadú ar choibhéisí airgid sa bhliain** | 86,524 | 47,797 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 1 Eanáir 2019 | 115,767 | 67,970 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 31 Lúnasa 2019** | **202,291** | **115,767** |

Tá nótaí 1 go 29 mar pháirt de na ráitis airgeadais seo.

**Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:**

**Imelda Reynolds**
**Cathaoirleach ar an mBord Rialaithe**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**An tOllamh David FitzPatrick,**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Dáta: 12 Samhain 2020**

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa

## 1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

Tugtar achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais. Táthar i ndiaidh iad go léir a chur i bhfeidhm go seasta i rith na tréimhse.

### a. Eolas ginearálta agus ráiteas comhlíontachta

Is é is príomhchuspóir don Ollscoil ardoideachas a chur ar fáil.

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann lena úsáid agus ceanglais an Údaráis um Ard-Oideachas chomh maith.

Meastar gurb é an Euro airgeadra feidhmeach Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Cliath cionn is gurb é sin airgeadra na príomh-thimpeallachta eacnamaíche ina mbíonn an Ollscoil ag feidhmiú. Tá na ráitis comhdhlúithe á gcur i láthair in Euro fosta. Cuirtear oibríochtaí eachtracha san áireamh i gcomhréir leis na beartais atá leagtha amach thíos.

### b. An bonn comhdhlúite

Tá ráitis airgeadais na hOllscoile déanta suas go dtí an 31 Lúnasa 2019. Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea Fondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a cuireadh ar bun agus í mar phríomhghníomhaíocht aici leas a bhaint as daonchairdeas chun tacú leis an Ollscoil oideachas agus taighde a chur chun cinn. Ní dhearnadh ráitis airgeadais Fhondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sna ráitis airgeadais seo ar bhonn na hábharthachta. Tá siad á gcur san áireamh mar aguisín a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### c. An bonn cuntasaíochta

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus déanann siad idir na caighdeáin is infheidhme um thuairisciú agus cheanglais an Aire Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh.

Tugtar sna ráitis airgeadais seo figiúirí comhcheangailte airgeadais ó na trí Institiúidí roimhe a díscaoileadh an 1 Eanáir 2019 ionas gur féidir comparáid a dhéanamh. Ar an dáta sin, rinneadh cearta, oibleagáidí agus baill foirne na nInstitiúidí a aistriú chuig an Ollscoil.

### d. Maoin, gléasra agus trealamh

#### (i) Talamh agus foirgnimh

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir costais nó luachála, iar-dhímheasa agus aon fhoráil i leith lagaithe. Tugtar dímheas i gcás na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir, diomaite de mhaoine infheistíochta agus talamh ruílse, ar rátaí a ríomhtar chun an costas nó luacháil a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta, i gcás gach sócmhainne de réir méid cothrom ina saol úsáideach tuartha, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Talamh agus foirgnimh | 50 bliain |
| Talamh agus foirgnimh ar léas | Thar théarma an léasa |

Le luach iarmharach, léirítear an méid measta a gheofaí faoi láthair as diúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta na diúscartha a bhaint as, más rud é go raibh an tsócmhainn ag an aois agus sa riocht lena mbeifí ag súil ag deireadh a saoil úsáidigh.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

**(ii) Trealamh**

Maidir le trealamh a bhfuil costas níos lú ná €3,000 ar gach earra, déantar é a dhíscríobh chun an chuntais ioncaim agus caiteachais i mbliain na fála. Nuair atá earraí aonair trealaimh a ceannaíodh ar chostas níos lú ná teorainn an chaipitlithe (€3,000) agus tá an sonrasc ceannaigh iomlán níos airde ná an teorainn, déantar na hearraí sin a chaipitliú sa ghnáthbhealach. Déantar an trealamh eile ar fad a chaipitliú de réir costais. Déantar trealamh caipitlithe a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingeáin agus Feistis, foirgnimh réamhdhéanta san áireamh | 10 mbliana |
| Trealamh ríomhaire | 3 bliana |
| Gléasra agus Innealra | 10 mbliana |
| Troscán agus trealamh | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |

Maidir leis an trealamh go léir a mhaoinítear ó dheontais agus conarthaí taighde, déantar é a dhímheas thar shaolré na sócmhainní i gcomhréir leis an mbeartas le haghaidh na sócmhainní dochta eile go léir.

**e. Laige sócmhainní**

Déantar sócmhainní a mheas le haghaidh táscairí laige ar dháta an chláir chomhardaithe, diomaite díobh siúd a thomhaistear ar luach cóir. Má bhíonn fianaise oibiachtúil ann de laige, aithnítear caillteanas laige sa bhrabús nó caillteanas.

**f. Cánachas**

(i) Cáin chorparáide

Mar charthanas atá díolmhaithe, níl an Ollscoil ná a fochuideachtaí faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ná cáin ioncaim ar cheann ar bith dá gníomhaíochtaí carthanachta. Tá an Ollscoil cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha, ach ar an ábhar gur gníomhaíocht dhíolmhaithe atá sa soláthar oideachais nach muirearaítear aon cháin aschuir ina leith, níl sí ábalta cáin ionchuir a aisghabháil ar an gcuid is mó dá ceannacháin. Tá cuid gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála ann san Ollscoil a thiteann isteach i nglanluach CBL. Déanann an Ollscoil aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a thabhairt ar ais don ioncam.

(ii) Cánachas iarchurtha

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanachta ag baint leo agus atá faoi dhliteanas cáin chorparáide mar sin, aithnítear cánachas iarchurtha maidir le gach difríocht uainithe atá tionscanta ach nár aisiompaíodh ar dháta an chláir chomhardaithe. Déantar foráil ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe.
Is éard is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabúis agus torthaí incháinithe mar a luaitear sna ráitis airgeadais a thagann as gnóthachain agus caillteanais a bheith curtha san áireamh sna brabúis incháinithe i dtréimhsí éagsúil uathu siúd ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar gur sócmhainn in-aisghabhála is ea glansócmhainn chánach iarchurtha agus, mar sin, ní aithnítear í ach amháin nuair, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, is féidir í a mheas gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh brabúis chuí inchánach ann ónar féidir aisiompú na ndifríochtaí uainithe foluiteacha a bhaint san am atá le teacht.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

**g. Aithint ioncaim**

*Deontais Stáit*

Aithnítear deontais stáit athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuil siad infhála. Caitear le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fuarthas maidir le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir leis an dímheas thar shaolré na sócmhainní.

*Ioncam ó tháillí*

Tugtar cuntas ar ioncam ó tháillí ar bhonn fabhraithe.

*Deontais agus conarthaí taighde*

Cuirtear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde leis an gcaiteachas agus cuirtear san áireamh é in ioncam na tréimhse inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Is iad na haicmithe is coitianta d'idirbhearta mar sin ná:

*(i) Deonacháin gan aon srian*
Áirítear ar dheonacháin gan srian méideanna a thugtar don Ollscoil mar airgead nó sócmhainn gan aon srian ag baint leo maidir leis an dóigh ar chóir an deonachán a úsáid. Déantar deonacháin mar sin a thaifeadadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas ar theidlíocht i leith an ioncaim.

*(ii) Deonacháin a bhfuil srianta ag baint leo*
Déantar deonacháin a bhfuil srianta ag baint leo a thaifeadadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas ar theidlíocht i leith an ioncaim. Déantar an t-ioncam srianta a fhaightear a shealbhú sa chúlchiste srianta go sealadach go dtí am a dtabhaítear an caiteachas i gcomhréir leis na srianta.

*(iii) Deontais taighde ó fhoinsí nach an rialtas iad*
Aithnítear ioncam ó fhoinsí nach an rialtas iad sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas nuair a dhéantar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht a shásamh. Má tá srian á úsáid ach gan ann d'aon choinníoll a bhaineann le feidhmíocht, déantar an t-ioncam a thaifeadadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas nuair a bheidh an Ollscoil i dteideal an ioncaim.

Déantar deontais a bhfuil coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht ag baint leo nár comhlíonadh fós a shealbhú mar ioncam iarchurtha go dtí go ndéantar na coinníollacha a shásamh. Ansin, déantar an t-ioncam a thaifeadadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas.

Déantar deontais a bhfuil srianta ag baint leo a thaifeadadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas ar theacht i dteideal an ioncaim agus, ina dhiaidh sin, déantar é a shealbhú i gcúlchiste srianta go dtí go ndéantar an caiteachas a thabhú i gcomhréir leis an srian.

*Mionoibreacha Caipitiúla*

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a chineachadh don Ollscoil le haghaidh oibreacha samhraidh agus oibreacha caipitiúla eile.

I ngach cás, aithnítear maoiniú mionoibreacha caipitiúla sa tréimhse is infhaighte..

*Ioncam ó thaiscí gearrthéarma*

Déantar an t-ioncam go léir ó thaiscí gearrthéarma a chur chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtuilltear é.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

**h. Sochair fostaithe**

*(i) Sochair scoir*

Maidir le teidlíochtaí pinsin ball foirne a earcaíodh roimh an 1 Eanáir 2013, déantar iad a bhronnadh faoi scéim sochar sainithe pinsin a bunaíodh faoi Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear agus tá asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó fhostaithe á gcoinneáil ag an Ollscoil mar pháirt dá maoiniú faoi mar a comhaontaithe.

Déanann an Ollscoil an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") a fheidhmiú chomh maith, arb í sin an scéim sochar sainithe pinsin le haghaidh seirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Ollscoil ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear sna dliteanais phinsin an luach faoi láthair a bheidh ar íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte go dtí seo. Léirítear sa tsócmhainn chun sochair scoir a mhaoiniú an t-ionchas go n-íocfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna pinsin agus cnapshuimeanna nuair a bheidh siad dlite.

Maidir le costais phinsin a mhuirearaítear ar an gcaiteachas sa tréimhse, léirítear iontu sin na sochair a thuilleann fostaithe faoi láthair le linn na tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin ball foirne atá, (i) i dtaca le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015, á gcoinneáil ag an Ollscoil, agus (ii) i dtaca leis an Scéim Aonair, á gcur ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear méid a fhreagraíonn don chostas pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a éiríonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsócmhainn chun sochair scoir a mhaoiniú.

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a éiríonn as oibleagáidí pinsin na hOllscoile maidir lena baill foirne faoi láthair, agus aon mhaoiniú gaolmhar. Aithnítear na costais as sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Cuirtear as an áireamh dliteanais phinsin i dtaca le fostaithe roimhe seo atá ag fáil pinsean ar an ábhar go muirearaítear íocaíochtaí pinsin ar chuntais leithreasa na Roinne Oideachais agus Scileanna. Léirítear an laghdú ar dhliteanais a éiríonn as baill a imíonn ar scor le linn na bliana mar ghnóthachan taithí. Úsáidtear modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa chun dliteanais scéimeanna sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach.

Níl baill foirne fochuideachtaí mar pháirt de na scéimeanna earnála poiblí agus tá a scéim phríobháideach féin á feidhmiú ag gach fochuideachta acu.

*(ii) Sochair ghearrthéarma*

Aithnítear sochair ghearrthéarma amhail pá saoire mar chaiteachas sa tréimhse. Cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na tréimhse san áireamh i bhfigiúir na Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Níl aon fhabhrú ann le haghaidh pá saoire don fhoireann Acadúil ag deireadh na tréimhse de bharr na gcineálacha conarthaí atá acu.

**i. Airgeadra eachtrach**

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh de réir an ráta iomlaoide ar dháta an idirbhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ar dháta an chláir chomhardaithe a thuairisciú ar na rátaí iomlaoide atá i bhfeidhm ar an dáta sin.

**j. Léasanna**

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais, conarthaí fruilcheannaigh agus socruithe eile mar sin lena mbronntar cearta agus oibleagáidí mar iad a bhaineann le sócmhainní faoi úinéireacht, déantar iad a chaipitliú mar shócmhainní dochta inláimhsithe ar luach cóir na sócmhainne léasaithe (nó, más ísle atá sé, luach faoi láthair na n-íocaíochtaí léasa is lú mar a cinneadh tráth tionscanta na léasa) agus a dhímheas thar théarmaí an léasa agus a saol úsáideach, cibé acu sin is gaire. Déantar sciartha caipitiúla oibleagáidí léasa san am atá le teacht a thaifeadadh mar dhliteanais, agus déantar na sciartha léasa a mhuirearú ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais thar thréimhse na léasanna chun ráta tréimhsiúil seasmhach úis a chur ar fáil ar an iarmhéid atá fanta ar an dliteanas.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a mhuirearú de réir méid cothrom thar théarma an léasa, fiú mura ndéantar na híocaíochtaí ar an mbonn sin. Déantar sochair a fhaightear agus is infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú a roinnt an dóigh sin de réir méid cothrom thar théarma an léasa.

**k. Deontais chaipitil iarchurtha**

Léirítear le deontais chaipitil iarchurtha luach gan amúchadh cistí carntha a mheastar a fuarthas ó fhoinsí Stáit agus atá leithroinnte le haghaidh sócmhainní seasta.

**l. Cúlchiste forbartha caipitil**

Léirítear sa chúlchiste forbartha caipitil cistí atá curtha ar leataobh ag an Ollscoil ar mhaithe le cuspóirí sonracha forbartha caipitil. Éiríonn cistí mar sin as táillí cláraithe mac léinn, tabhartais chaipitiúla nach ón stát iad, táillí saoráidí baincéireachta agus aistrithe ó chúlchistí ioncaim, mar aon leis an ús bainc a thuilltear ar an airgead sin. Déantar cistí mar sin a choinneáil sa Chúlchiste forbartha caipitil ar choinníoll go mbíonn na tionscadail shainithe dá mbeidh siad geallta ag teacht le plean forbartha caipitil na hOllscoile, ’s go ndéanfaidh an Bord Rialaithe iad a fhormheas agus go ndéanfar iad ina gcéimeanna agus go ndéanfar meastacháin ar na costais ag baint leo.

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

**2. Breithiúnais chriticiúla chuntasaíochta agus príomhfhoinsí éiginnteachta meastacháin**

Agus cuntais chuntasaíochta na hOllscoile á gcur i bhfeidhm, a chuirtear síos i Nóta 1, ceanglaítear ar an mBord Rialaithe breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh faoi in-aisghabhálacht fiach, saolré úsáideach sócmhainní, rátaí dímheasa sócmhainní seasta agus suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanais ó fhoinsí eile nach léir iad go réidh. Déantar na meastacháin agus toimhdí bainteacha a bhunú ar thaithí stairiúil agus imthosca eile a mheastar atá ábhartha. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Cuntasaíocht i gcomhair Ghráinseach Ghormáin

Tá Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ag tógáil roinnt foirgneamh ar champas Ghráinseach Ghormáin faoi láthair. Cé go rachaidh sochar eacnamaíoch chun tairbhe don Ollscoil, tá obair shuntasach forbartha fós le tabhairt fúithi ar na maoine gaolmhara, caithfear luachálacha bainteacha a chur ar bun agus caithfear talamh a aistriú chun na hOllscoile.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus foshuíomhanna ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar athbhreithniú ar an meastachán más rud é nach mbíonn tionchar ag an athbhreithniú ach ar an tréimhse sin, nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus i dtréimhsí ina dhiaidh más rud é go mbíonn tionchar ag an athbhreithniú ar an tréimhse reatha agus tréimhsí ina dhiaidh sin.

Breithiúnas Criticiúil – In-aisghabhálacht féichiúnaithe

Cuireadh féichiúnaithe san áireamh sna ráitis airgeadais glan ó sholáthair shonracha in aghaidh drochfhéich. Is é dearcadh na hOllscoile go bhfuil an glanmhéid sin iomlán inghnóthaithe.

Breithiúnas Criticiúil – Saolréanna úsáideacha sócmhainní

Tá saolréanna úsáideacha sócmhainní a úsáideann an Ollscoil ag teacht leis an gcaighdeán tionsclaíoch. D'fhéadfadh roinnt sócmhainní teacht go deireadh a saolré úsáideach taobh istigh de thréimhse níos gairide, áfach, agus i gcúinsí mar sin déantar dímheas na sócmhainní a luathú leis sin a chur san áireamh.

*Oibleagáid Sochair Scoir*

Maidir leis na foshuíomhanna faoi na luachálacha achtúireacha dá socraítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta costais cúraim sláinte), déantar iad a uasdátú gach bliain bunaithe ar imthosca eacnamaíocha reatha, agus i bhfianaise aon athruithe a dhéantar ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na foshuíomhanna:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair i gcás bannaí corparáideacha ardcháilíochta.
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha i margadh an tsaothair amach anseo.

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa

## 3. Deontais Stáit

| | Dá leithroinntear Athfhillteach Caiteachas €'000 | Dá leithroinntear Caipiteal Caiteachas €'000 | Dá leithroinntear Tionscadail Caiteachas €'000 | 2019 8 mí Iomlán €'000 | 2018 16 mhí Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontas athfhillteach – HEA | 67,847 | 725 | 1,784 | **70,356** | **132,789** |
| Deontas caipitil - HEA | 813 | 1,446 | - | **2,259** | **5,668** |
| Deontas caipitil – EI | - | 12 | - | **12** | - |
| Deontas caipitil – eile | - | 585 | - | **585** | **68** |
| Mionchaiteachas caipitil – HEA | - | - | - | - | - |
| Deontais eile Stáit – an tÚdarás um Ard- | 1,707 | 188 | - | **1,895** | **3,144** |
| **Iomlán 2019** (nóta 6.1) | **70,367** | **2,956** | **1,784** | **75,107** | **141,669** |
| **Iomlán 2018** | **130,940** | **6,433** | **4,296** | **141,669** | |

## 4. Táillí teagaisc agus ranníocaíocht mac léinn

| | CL 2019 | Stát-mhaoinithe 2019 €'000 | Nach bhfuil Stát-mhaoinithe 2019 €'000 | Iomlán 8 mí 2019 €'000 | CL 2018 | Stát-mhaoinithe 2018 €'000 | Nach bhfuil Stát-mhaoinithe 2018 €'000 | Iomlán 16 mhí 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Táillí le híoc ag an Stát | 11,501 | 7,460 | - | **7,460** | 19,988 | 15,419 | - | **15,419** |
| Táillí le híoc ag gníomhaireachtaí eile stáit | 283 | 848 | - | **848** | 596 | 1,139 | - | **1,139** |
| Táillí neamh-AE | 1,032 | - | 7,978 | **7,978** | 1,547 | - | 12,933 | **12,933** |
| Táillí íoctha ag mic léinn nó thar ceann mic léinn | 3,710 | 9 | 6,807 | **6,816** | 5,856 | 31 | 16,519 | **16,550** |
| Foghlaim ar feadh an tsaoil agus táillí eile | 2,767 | 1 | 4,140 | **4,141** | 4,695 | 27 | 8,514 | **8,541** |
| Ranníocaíocht mac léinn, táillí athscrúdaithe san áireamh | 2,515 | 13,404 | 19,544 | **32,948** | 3,563 | 29,678 | 34,362 | **64,040** |
| **Glanioncam ó tháillí/Líon na mac líon (nóta 6.2)** | **21,808** | **21,722** | **38,469** | **60,191** | **36,245** | **46,294** | **72,328** | **118,622** |

Bhí táillí teagaisc ann de €6,825,117 le haghaidh cúrsaí lánaimseartha céime agus de €635,256 le haghaidh cúrsaí ardteastais agus gnáthchéime le híoc ag an Údarás um Ard-Oideachas. Rinne Ciste Sóisialta na hEorpa na costais iomlána díobh sin a mhaoiniú i bpáirt.

Fuarthas tromlach na gcistí do bhliain acadúil 2018/2019 ón Údarás um Ard-Oideachas sular bunaíodh OT Baile Átha Cliath. Léirítear an t-airgead sin san iarmhéid airgid tosaigh don Ollscoil.

## 5. Deontais agus conarthaí taighde

| | 2019<br>8 mí<br>€'000 | 2018<br>16 mhí<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam:** | | |
| Ón Stát agus i bpáirt ón Stát (nóta 6.3) | **8,361** | **17,847** |
| An tAontas Eorpach | **584** | **1,038** |
| Tionsclaíocht | **508** | **1,014** |
| Eile | **1,718** | **4,377** |
| Tionscadail féinmhaoinithe | **187** | **833** |
| Ceannacháin sócmhainní ó dheontais agus conarthaí taighde | **(129)** | **(153)** |
| **Ioncam Iomlán** | **11,229** | **24,956** |
| **Caiteachas:** | | |
| Costais le haghaidh pá | **5,279** | **9,669** |
| Costais nach mbaineann le pá | **6,151** | **14,247** |
| Dímheas | **585** | **1,096** |
| **Costais iomlána** | **12,015** | **25,012** |

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa

**6. Anailís ar ioncam a fuarthas ón Stát**

**Nóta 6.1 Deontas Stáit**

| **Ainm an deontóra** | Nóta | **Iarchur 1/01/19 €'000** | **Faighte 2019 €'000** | **Iarchur 31/08/19 €'000** | **Scaoilte 2019 €'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | | 4,715 | 71,808 | 1,581 | 74,942 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas – deontas cineachta | | - | 210 | 45 | 165 |
| **Deontas Stáit** | 3 | **4,715** | **72,018** | **1,626** | **75,107** |

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath: Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019

**Nóta 6.2 Táillí teagaisc agus ranníocaíocht mac léinn**

| Ainm an deontóra | Nóta | Iarchur 01/01/2019 €'000 | Faighte 2019 €'000 | Iarchur 31/08/19 €'000 | Scaoilte 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin | | - | 2 | - | 2 |
| An Roinn Cosanta | | - | 4 | - | 4 |
| BSL | | - | 5 | - | 5 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | | - | 7,458 | - | 7,458 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas: Springboard amháin | | - | 280 | - | 280 |
| ICT Ireland Skillnet | | - | 205 | - | 205 |
| Aerchór na hÉireann | | - | 55 | - | 55 |
| An Chomhairle do Mhic Léinn Idirnáisiúnta na hÉireann | | - | 13 | - | 13 |
| Software Skillnet | | - | 145 | - | 145 |
| Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn na hÉireann | | - | 13,554 | - | 13,554 |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | | - | (13) | - | (13) |
| Sustainability Skillnet | | - | 9 | - | 9 |
| Fáilte Éireann | | - | 5 | - | 5 |
| **Táillí teagaisc agus ranníocaíocht mac léinn** | 4 | **-** | **21,722** | **-** | **21,722** |

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa

**Nóta 6.3 Deontais agus conarthaí taighde**

| Ainm an deontóra | Nóta | Iarchur roghnach 01/01/2019 €'000 | Faighte 2019 €'000 | Iarchur 31/08/19 €'000 | Scaoilte 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Bord na Móna | | - | 6 | - | 6 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | | 380 | 16 | 291 | 105 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | | 56 | 27 | 60 | 23 |
| Fiontraíocht Éireann | | 3,704 | 1,073 | 1,673 | 3,104 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | 124 | 13 | 84 | 53 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | | 4,174 | 6,205 | 6,261 | 4,118 |
| An Bord Taighde Sláinte | | 46 | - | - | 46 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | | 9 | 62 | 28 | 43 |
| Cúnamh Éireann | | 27 | - | 26 | 1 |
| Pobal | | 426 | 243 | 385 | 284 |
| Solas | | 102 | - | 99 | 3 |
| Teagasc | | 6 | 53 | 4 | 55 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | | 570 | 116 | 429 | 257 |
| IERC | | 103 | - | - | 103 |
| Eile ón Stát | | 305 | 220 | 413 | 112 |
| An Lárionad Foghlama agus Teagaisc | | 5 | - | (13) | 18 |
| Institiúid Teicneolaíochta Éireann | | (3) | 3 | - | - |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | | 11 | 11 | 10 | 12 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | | 2 | 17 | 7 | 12 |
| Ollscoil Luimnigh | | (1) | 7 | - | 6 |
| **Deontais agus conarthaí taighde** | **5** | **10,046** | **8,072** | **9,757** | **8,361** |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | | 1,310 | 764 | 1,066 | 1,008 |
| **Maoiniú tacaíochta le haghaidh mic léinn** | **7** | **1,310** | **764** | **1,066** | **1,008** |

**7. Maoiniú tacaíochta le haghaidh mic léinn**

| | 2019<br>8 mí<br>Míchumas<br>€'000 | 2019<br>8 mí<br>Cúnamh le haghaidh mic léinn<br>€'000 | 2019<br>8 mí<br>Iomlán<br>€'000 | 2018<br>16 mhí<br>Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2019** | **821** | **639** | **1,460** | 290 |
| **Fáltais:** | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 607 | 7 | 614 | 3,846 |
| Ioncam Eile | - | - | - | 8 |
| Lúide: leithroinnte ar dheontais chaipitil iarchurtha | - | - | - | (10) |
| **Faltáis iomlána** | **607** | **7** | **614** | 3,844 |
| **Méideanna a cuireadh i bhfeidhm:** | | | | |
| Costais le haghaidh pá | 221 | - | 221 | 569 |
| Costais nach mbaineann le pá | 221 | 566 | 787 | 2,105 |
| Glanioncam ó tháillí | **442** | **566** | **1,008** | **2,674** |
| **Iarmhéid ar an 31 Lúnasa 2019** | **986** | **80** | **1,066** | **1,460** |

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus déantar é a mhaoiniú i bpáirt ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath: Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| **8. Ioncam Eile** | **2019**<br>**8 mí**<br>**€'000** | **2018**<br>**16 mhí**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Asbhaintí aoisliúntais coinnithe | 4,943 | 9,777 |
| Díolacháin ábhar ranga agus reapragrafaíochta | 39 | 126 |
| Seirbhísí le haghaidh mic léinn | 190 | 117 |
| Tabhartas | 195 | 451 |
| Ioncam tráchtála | 758 | 1,519 |
| Ioncam Eile | 1,298 | 1,450 |
| Lamháltais ó bhanc agus lamháltais eile | 232 | 442 |
| Cíos áiseanna | 570 | 845 |
| Maoiniú thírdhreach OT | 989 | 1,690 |
| Ioncam LINC | 328 | 231 |
| Fótachóipeáil | 14 | 40 |
| Tionscadail oideachais | 14 | 131 |
| Iasachtaí | 81 | 80 |
| Ioncam páirceála | 17 | 69 |
| Printíseacht an Údaráis um Ard-Oideachas | 6 | 527 |
| Máistreacht TFC an Údaráis um Ard-Oideachas/maoiniú eile | 20 | 1,231 |
| | **9,694** | **18,726** |

### 9. Costais foirne

An líon daoine (sealbhóirí post sinsearach san áireamh) fostaithe ag an Ollscoil le linn na tréimhse, an figiúir sin á léiriú mar choibhéis lánaimseartha, ná:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| I | **Líon fostaithe** | **Líon fostaithe** |
| Teagasc agus taighde | 1,493 | 1,489 |
| Teicniúil | 192 | 172 |
| Riarachán agus seirbhísí láir | 852 | 764 |
| | **2,537** | **2,425** |

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | 106,078 | 200,723 |
| Costais a bhaineann le leas sóisialta | 1,350 | 4,576 |
| Liúntais | 709 | - |
| Ragobair | 1,123 | - |
| Costais leasa fostóra | 6,742 | 12,317 |
| | **116,002** | **217,616** |

**Cúiteamh na príomhbhainistíochta**

Bhí €127,722 ar an iomlán ar thuarastal agus sochair an Uachtaráin don tréimhse 8 mí. Bhí €2,259,250 san iomlán ar luach saothair phríomhphearsanra na bainistíochta don tréimhse. Is iad foirne na bainistíochta sinsearaí ar gach campas mar aon le comhaltaí ar an mBord Rialaithe atá mar phríomhphearsanra na bainistíochta san Ollscoil. Ní fhaigheann comhaltaí an Bhoird Rialaithe aon luach saothair.

Maidir le sochair iarfhostaíochta agus teidlíochtaí pinsin Uachtarán na hOllscoile agus príomhphearsanra bainistíochta, níl níos mó ag baint leo ná atá i scéimeanna ábhartha pinsin san earnáil phoiblí.

Ní dhearna an Ollscoil aon íocaíochtaí téarfa ná foirceanta le linn na tréimhse.

**9. Costais foirne (ar lean)**

**Baill foirne ar thuarastal níos airde:**

| Bannaí Bliantúla Tuarastail | Tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019* | Tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Nollaig 2018* |
|---|---|---|
| 60,000 – 70,000 | 224 | 198 |
| 70,001 – 80,000 | 164 | 165 |
| 80,001 – 90,000 | 500 | 525 |
| 90,001 – 100,000 | 189 | 171 |
| 100,001 – 110,000 | 51 | 46 |
| 110,001 – 120,000 | 10 | 5 |
| 120,001 – 130,000 | 2 | 0 |
| 130,001 – 140,000 | 1 | 0 |
| 140,001 – 150,000 | 9 | 12 |
| 150,001 – 160,000 | 3 | 1 |
| 160,001 – 170,000 | 0 | 0 |
| 170,001 – 180,000 | 0 | 0 |
| 180,001 – 190,000 | 2 | 1 |
| **An t-iomlán** | **1,155** | **1,124** |

*** Tá líon na mball foirne ar thuarastal níos airde do na tréimhsí dar críoch an 31 Lúnasa 2019 agus an 31 Nollaig 2018 bunaithe ar thuarastail bhliantúla seachas an líon míonna i ngach tréimhse.**

**10. Caiteachas oibriúchán eile**

| | **2019** | **2019** | **2019** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|---|---|
| **8** | **mí** | **8 mí** | **8 mí** | **8 mí** | **16 mhí** |
| | | | **Caiteachas oibriúchán eile** | | |
| **Costais le haghaidh** | **Pá** | **Dímheas** | | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ranna acadúla | 81,952 | 593 | 7,331 | 89,876 | 172,406 |
| Seirbhísí acadúla | 5,885 | 60 | 3,035 | 8,980 | 17,680 |
| Saoráidí | 4,696 | 5,396 | 7,847 | 17,939 | 39,703 |
| Riarachán láir | 13,933 | 76 | 5,204 | 19,213 | 37,618 |
| Oideachas ginearálta | 1,641 | 1 | 403 | 2,045 | 3,276 |
| Seirbhísí le haghaidh mic léinn | 2,434 | 41 | 2,513 | 4,988 | 9,943 |
| Maoiniú tacaíochta le haghaidh mic léinn | 221 | 2 | 787 | 1,010 | 2,678 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5,240 | 744 | 6,150 | 12,134 | 25,418 |
| Dímheas | | 1,312 | | 1,312 | 2,463 |
| **Iomlán** | **116,002** | **8,225** | **33,270** | **157,498** | **311,185** |
| **Iomlán 2018** | **217,616** | **16,516** | **77,053** | **311,185** | |

**10. Costais oibriúcháin eile (ar lean.)**

| **Anailís ar Chaiteachas oibriúcháin eile** | **Comhdhlúite 2019 8 mí €'000** | **Comhdhlúite 2018 16 mhí €'000** |
|---|---|---|
| Luach saothair iniúchóra | 118 | 167 |
| Conradh agus ábhar glantóireachta | 1,814 | 3,361 |
| Cumarsáid | 264 | 646 |
| Bogearraí, cothabháil, ceadúnais agus tomhaltáin ríomhaire | 2,428 | 4,654 |
| Fuinneamh | 1,834 | 4,153 |
| Costais trealaimh agus chothabhála | 563 | 3,120 |
| Costais mhaoinithe | 310 | 1,100 |
| Oideachas ginearálta | 312 | 953 |
| Fáilteachas | 443 | 1,115 |
| Costais Shaoráid Chéide an Locha | 233 | 316 |
| Díscríobh diúscairtí léasachta | - | 1,209 |
| Ábhar agus tomhaltáin | 2,450 | 5,187 |
| Costais eile | 454 | 603 |
| Íocaíochtaí le comhpháirtithe | 2,093 | 6,394 |
| Táillí gairmiúla agus comhairliúchán | 2,741 | 4,758 |
| Fógraíocht agus poiblíocht | 425 | 1,329 |
| Cíos, rátaí agus árachas | 2,598 | 5,426 |
| Costais deisithe agus chothabhála | 1,876 | 5,343 |
| Costais taighde | 1,378 | 4,558 |
| Slándáil | 545 | 1,224 |
| Earcaíocht agus oiliúint foirne | 554 | 1,092 |
| Stáiseanóireacht, ábhar oifige, leabhair agus tréimhseacháin | 2,552 | 5,413 |
| Deontais mac léinn | 2,666 | 4,952 |
| Seirbhísí le haghaidh mic léinn | 2,443 | 5,886 |
| Síntiúis le cumainn | 545 | 851 |
| Taisteal - idirnáisiúnta | 715 | 1,376 |
| Taisteal - náisiúnta | 916 | 1,867 |
| | 33,270 | 77,053 |

Ní chuirtear CBL san áireamh i luach saothair an iniúchóra thuas. Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí san Ollscoil agus tá na costais as párolla a bhaineann leis sin curtha san áireamh mar pháirt de chostais foirne na tréimhse.

Níl aon íocaíochtaí déanta ag an Ollscoil le páirtithe seachtracha le hiniúchtaí a chur ar bun maidir le nithe inmheánacha acmhainní daonna le linn na tréimhse. Maille leis sin, níor íocadh aon íocaíochtaí cúitimh le linn na tréimhse.

Mar chuid de na táillí gairmiúla agus comhairliúcháin tá na táillí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Seirbhísí; | |
| Táillí dlí | 394,897 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | 345,268 |
| Seirbhísí oideachais | 334,008 |
| Sainchomhairleoireacht TF | 358,690 |
| Sainchomhairleoireacht bainistíochta | 263,460 |
| Pinsean agus acmhainní daonna | 128,198 |
| Táillí gairmiúla maoine | 188,749 |
| Sainchomhairle cánach agus airgeadais | 76,663 |
| Seirbhísí leighis | 173,415 |
| Oiliúint | 45,203 |
| Comhpháirtithe oideachais pobail | 355,110 |
| Táillí gairmiúla eile | 78,077 |

Níor íoc an Ollscoil aon táillí ná speansais le comhaltaí an Bhaill Rialaithe le linn na tréimhse cuntasaíochta ocht mí.

**11. Cánachas**

Tá an Ollscoil díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach faoi ordú um stádas carthanachta.
Tá an Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Synergy Innovation and Growth faoi réir cáin chorparáide ar bhonn tráchtála. Is éard atá sa mhuirear cánach ná:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáinreatha ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | | |
| Cáin chorparáide Éireannach ar bhrabúis fochuideachtaí don tréimhse | 19 | 17 |
| **Cáin iomlán reatha** | 19 | 17 |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe | - | - |
| **Cáin iarchurtha iomlán** | - | - |
| Sciar de cháin ó chomhfhiontair | - | - |
| **Cáin iomlán ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **19** | **17** |

Réiteach costais cánach tabhaithe ag an bhfochuideachta Synergy Innovation and Growth:

Tá na difríochtaí idir an muirear iomlán cánach a thaispeántar thuas agus an méid a ríomhtar de bharr ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an mbrabús roimh cháin mar seo a leanas:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas don tréimhse / bliain roimh cháin** | 71 | 83 |
| Barrachas don tréimhse / bliain roimh chánachas ag ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann, 25% | 18 | 21 |
| Éifeachtaí: | | |
| - Difríochtaí uainithe | 1 | (4) |
| **Cáin iomlán reatha** | **19** | **17** |

12.

**Maoin, gléasra agus trealamh**

| | Talamh agus foirgnimh | Sócmhainní atá á dtógáil | Daingeáin agus feistis | Trealamh ríomhaire | Gléasra agus Innealra | Troscán agus trealamh | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | | | | |
| An 1 Eanáir 2019 | 296,300 | 834 | 57,622 | 23,129 | 17,146 | 43,384 | 262 | 438,677 |
| Breiseanna sa tréimhse | 328 | 585 | 350 | 608 | 154 | 1,520 | - | 3,545 |
| Diúscairtí sa tréimhse | (23,541) | - | (7,190) | (3,118) | - | (1,315) | - | (35,164) |
| **An 31 Lúnasa 2019** | **273,087** | **1,419** | **50,782** | **20,619** | **17,300** | **43,589** | **262** | **407,058** |
| **Dímheas** | | | | | | | | |
| An 1 Eanáir 2019 | 98,485 | - | 46,904 | 21,584 | 15,595 | 38,247 | 85 | 220,900 |
| Muirear don tréimhse | 4,360 | - | 1,607 | 719 | 215 | 1,296 | 28 | 8,225 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (13,842) | - | (6,096) | (3,116) | - | (1,317) | - | (24,371) |
| **An 31 Lúnasa 2019** | **89,003** | **-** | **42,415** | **19,187** | **15,810** | **38,226** | **113** | **204,754** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | | |
| **An 31 Lúnasa 2019** | **184,084** | **1,419** | **8,367** | **1,432** | **1,490** | **5,363** | **149** | **202,304** |
| An 1 Eanáir 2019 | 197,815 | 834 | 10,718 | 1,545 | 1,551 | 5,137 | 177 | 217,777 |

Bhí €13.372m i ngealltanas léasa an 31 Lúnasa 2019. I mí Iúil 2018, chuaigh an Ollscoil faoi léas 20 bliain ar €531,000 ina aghaidh na bliana. Níl an Ollscoil in ann an foirgneamh a áitiú faoi mar atá sé i Meán Fómhair 2020 de dheasca lochtanna a bhaineann le struchtúr an fhoirgnimh ar thángthas orthu nuair a bhí oibreacha athchóirithe ar siúl i Márta 2020. Cuirtear san áireamh caiteachas cíosa €282,000 le caiteachas oibriúcháin eile don tréimhse 8 mí go Lúnasa 2019. Tá an Ollscoil ag plé leis an tiarna talún, trínár gcomhairleoirí dlí, chun cúiteamh a lorg agus chun cur ar a cumas don Ollscoil an foirgneamh a áitiú.

Sa tréimhse ocht mí go dtí an dtí an 31 Lúnasa 2019, dhiúscair an Ollscoil a foirgnimh ar champas Shráid Chaoimhín. Díoladh na foirgnimh ar €145.123m a réadaigh brabús €130.284m. Dhiúscair an Ollscoil foirgneamh ar Phlás Sackville. Díoladh an foirgneamh ar €5.511m a réadaigh brabús €4.19m.

## 12. Maoin, gléasra agus trealamh – i leith na tréimhse roimhe

| | Talamh agus foirgnimh €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Daingeáin agus feistis €'000 | Trealamh ríomhaire €'000 | Gléasra agus innealra €'000 | Troscán agus trealamh €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | |
| An 1 Meán Fómhair 2017 | 300,322 | 505 | 55,747 | 28,048 | 16,608 | 52,170 | 65 | 453,465 |
| Breiseanna sa tréimhse | 14,628 | 329 | 1,875 | 1,319 | 538 | 3,196 | 197 | 22,082 |
| Diúscairtí sa tréimhse | (18,650) | - | - | (6,238) | - | (11,982) | - | (36,870) |
| **An 31 Nollaig 2018** | **296,300** | **834** | **57,622** | **23,129** | **17,146** | **43,384** | **262** | **438,677** |
| **Dímheas** | | | | | | | | |
| An 1 Meán Fómhair 2017 | 100,148 | - | 43,343 | 26,135 | 14,740 | 48,009 | 53 | 232,428 |
| Muirear don tréimhse | 8,165 | - | 3,561 | 1,687 | 855 | 2,218 | 32 | 16,518 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (9,828) | - | - | (6,238) | - | (11,980) | - | (28,046) |
| **An 31 Nollaig 2018** | **98,485** | **-** | **46,904** | **21,584** | **15,595** | **38,247** | **85** | **220,900** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | | |
| **An 31 Nollaig 2018** | **197,815** | **834** | **10,718** | **1,545** | **1,551** | **5,137** | **177** | **217,777** |
| An 1 Meán Fómhair 2017 | 200,174 | 505 | 12,404 | 1,913 | 1,868 | 4,161 | 12 | 221,037 |

## 13. Sócmhainní airgeadais

Bhí leas ag an Ollscoil sna fochuideachtaí seo a leanas le linn na tréimhse iniúchóireachta:

| Foghnóthais | Príomhghníomhaíocht | Leas | Barrachas coinnithe |
|---|---|---|---|
| Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Synergy Innovation and Growth | Ionad forbartha eolaíochta atá dírithe ar an nuálaíocht a fhorbairt agus a chur chun cinn | 85.71% | €380,220 |

Growcorp Advisory Services Teoranta an teideal a bhí ar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Synergy Innovation and Growth roimhe seo. Tá oifigí cláraithe agus ionad gnó an fhoghnóthais thuasluaite ag an seoladh seo: 3015 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24.
Tá páirt glactha ag Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas i mbainistíocht agus feidhmiú Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Synergy Innovation and Growth ó bunaíodh í. Tá scair amháin de na seacht scair ag an gComhlachas, a dhéanann duine de na seachtar comhaltaí ar an mBord a ainmniú.
An barrachas a ghineann Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Synergy Innovation and Growth, úsáidtear é chun iasachtaí atá tugtha ag an Ollscoil a aisíoc, agus tá sócmhainní Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Synergy Innovation and Growth faoi mhuirear ag an Ollscoil. €51,415 a bhí sa bharrachas i ndiaidh cánachais i gcás Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Synergy Innovation and Growth in 2019.

| Foghnóthais | Príomhghníomhaíocht | Leas | Barrachas coinnithe |
|---|---|---|---|
| Dublin Institute of Technology Intellectual Property Teoranta | Paitinní agus ceadúnais a shealbhú do thríú páirtithe. | 100% | Nialas. |

Tá oifig chláraithe Dublin Institute of Technology Intellectual Property Teoranta in Earlsfort Centre, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2. Rinneadh an chuideachta seo a dhíscaoileadh an 6 Márta 2019.

Rinneadh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe a chorprú an 20 Meitheamh 2018 ionas go mbeifí ábalta iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Fhiontraíocht Éireann faoin gCiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí. Is é is ainm don chuideachta Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe LINC Collaboratory. Cuideachta gníomhaíochta ainmnithe atá sa chuideachta atá teoranta ag scaireanna, i.e. cuideachta phríobháideach teoranta ag scaireanna faoi chuid 16 d’Acht na gCuideachtaí, 2014. Ní raibh aon ghníomhaíocht ar siúl le linn na tréimhse atá á hathbhreithniú mar nach bhfuarthas maoiniú agus ní dhearnadh na torthaí a chomhdhlúthú. Tá an chuideachta fós gníomhach san Ollscoil mar fhochuideachta mar rinneadh iarratas ar mhaoiniú arís an 25 Meán Fómhair 2019.

## 14. Sócmhainní oidhreachta

Níl leibhéal ábhartha sócmhainní ábhartha i seilbh na Ollscoile.

### Saothair ealaíne

Níl leibhéal ábhartha de shaothair ealaíne i seilbh na Ollscoile.

## 15. Infháltais

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | 1,506 | 1,543 |
| Deontais agus conarthaí taighde is infhaighte | 1,713 | 1,826 |
| Deontas Stáit is infhaighte | 1,698 | - |
| Táillí acadúla is infhaighte | 1,064 | 881 |
| Réamhíocaíochtaí | 2,444 | 1,669 |
| Earraí infhaighte eile | 6,049 | 1,200 |
| | 14,474 | 7,119 |

Cuirtear san áireamh sna hearraí infhaighte eile méid atá dlite i leith dhíolachán champas Shráid Chaoimhín. Ní bhfuarthas an méid sin go dtí seo mar tá sé ag brath ar mhioncheist teidil a réiteach agus tá an próiseas cuí dlí ar bun ina leith.

## 16. Airgead tirim agus coibhéisí airgid

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead sa bhanc, iarmhéideanna san áireamh | | |
| Coinnithe ar thaisce ghearrthéarma | 202,291 | 115,767 |
| | 202,291 | 115,767 |

Tá €135 milliún a bhaineann le díolachán mhaoin Shráid Chaoimhín mar chuid den airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta. Aistríodh é sin chuig Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin i Meán Fómhair 2019 (Féach nóta 24).

## 17. **Suimeanna iníoctha:** méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | 1,405 | 839 |
| Deontais agus conarthaí taighde roimh ré | 16,200 | 16,509 |
| Táillí teagaisc a fuarthas roimh ré | 11,614 | 30,803 |
| Deontas Stáit a fuarthas roimh ré | 3,837 | 6,216 |
| Ioncam iarchurtha | 10,303 | 11,214 |
| Fabhrú agus creidiúnaithe eile | 12,775 | 14,868 |
| Cáin eile agus slándáil shóisialta | 4,583 | 4,822 |
| | 60,717 | 85,271 |

**18. Gealltanais léasa**

Is mar seo a leanas íocaíochtaí íosta léasa amach anseo faoi léasanna nach féidir a chur ar ceal:

| | Talamh agus foirgnimh | | Eile | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019** | **2018** | **]2019** | **2018** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Taobh istigh de bhliain | 2,135 | 2,338 | - | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 3,773 | 4,729 | - | - |
| Níos mó ná cúig bliana | 7,464 | 7,853 | - | - |
| Gealltanais iomlána | 13,372 | 14,920 | - | - |

**19. Deontais chaipitil iarchurtha**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **An 1 Eanáir** | | |
| Iarmhéid tosaigh | 168,439 | 183,863 |
| **Airgead a fuarthas sa tréimhse** | | |
| Leithroinnte ó dheontais athfhillteacha Stáit | 1,644 | 2,858 |
| Leithroinnte ó dheontais Stáit eile | 1,286 | 4,265 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 128 | 443 |
| Aistriú ó chúlchiste forbartha caipitil | 28 | 422 |
| **Iomlán** | 3,086 | 7,988 |
| **Amúchta chuig ioncam agus caiteachas sa tréimhse** | (7,114) | (15,717) |
| Scaoileadh deontais caipitil ag baint le diúscairt | (10,799) | (7,613) |
| Dímheas sócmhainní seasta fochuideachta | (62) | (82) |
| **Iomlán** | (17,975) | (23,412) |
| Iarmhéid deiridh | 153,550 | 168,439 |

## 20. Cúlchiste forbartha caipitil

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 34,267 | 33,507 |
| Aistriú chuig cúlchistí ioncaim | (405) | (5,460) |
| Aistriú ó chúlchistí ioncaim | 951 | 6,642 |
| Aistriú chuig deontais chaipitil iarchurtha | (28) | (422) |
| Iarmhéid deiridh | 34,785 | 34,267 |

I gcomhréir leis an mbeartas cuntasaíochta (féach nóta beartais I thuas), léirítear leis an gcúlchiste forbartha caipitil cistí atá curtha ar leataobh ag an Ollscoil ar mhaithe le cuspóirí sonraithe forbartha caipitil, go príomha forbairtí caipitil ar champas Ghráinseach Ghormáin a mhaoiniú. Tá gealltanas ann idir an Ollscoil agus ionadaithe thar ceann na mac léinn go gcuirfidh cuid den chúlchiste sin le saoráidí mac léinn a fhorbairt ar gach campas. Bheadh nádúr agus fairsinge na saoráidí sin ag brath ar chomhaontú idir Aontas na Mac Léinn OT Baile Átha Cliath agus an Ollscoil.

## 21. Gealltanais caipitil

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Arna gconrú ina leith ach gan a bheith soláthraithe, arna n-údarú ach gan a bheith conraithe | 1,970<br>- | 2,685 |
| | 1,970 | 2,685 |

Tugtar le fios íocaíochtaí agus gealltanais i leith fhorbairt champas Ghráinseach Ghormáin i nóta 27 thíos.

## 22. Comhpháirtithe gaolmhara

Cuideachta theoranta is ea Fondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a cuireadh ar bun agus í mar phríomhghníomhaíocht aici leas a bhaint as an daonchairdeas chun tacú le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath oideachas agus taighde a chur chun cinn. D'aistrigh Fondúireacht OT Baile Átha Cliath maoiniú daonchairdis chun na hOllscoile, €186,000 san iomlán, le linn na tréimhse. Leithroinn an Ollscoil cistí de €278,352 san iomlán chuig Fondúireacht OT Baile Átha Cliath, caitheadh €220,563 de na cistí sin ar chaiteachas oibriúcháin na Fondúireachta le na tréimhse. Faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Lúnasa 2019, bhí méid €421,269 dlite ó OT Baile Átha Cliath le haghaidh Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath. Le linn na tréimhse bhronn Fondúireacht OT Baile Átha Cliath scoláireachtaí agus sparánachtaí ar mhic léinn arbh fhiú €138,934 iad. Ní dhearnadh ráitis airgeadais Fhondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sna ráitis airgeadais seo ar bhonn na hábharthachta. Tá na ráitis airgeadais don fhondúireacht don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019 ceangailte mar Aguisín leis na ráitis airgeadais seo.

## 23. Forálacha

Tá foráil €200,000 ag OT Baile Átha Cliath le haghaidh costais mheasta ath-insealbhaithe foirgnimh léasaithe atá sealbhaithe ag an gclár printíseachta i dTamhlacht. Cuirtear an fhoráil sin san áireamh in Earraí iníoctha (nóta 17) faoin bhfo-cheannteideal Fabhrú agus creidiúnaithe eile.

## 24. Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Bhain an t-imeacht mór i ndiaidh an chláir chomhardaithe le paindéim COVID-19 agus an éifeacht a bhí ar oibríochtaí na hOllscoile ag fógairt an rialtais maidir le teagasc ar champas a chur ar fionraí in Éirinn an 12 Márta 2020. Tá measúnú déanta ar impleachtaí airgeadais na paindéime agus tá athbhreithniú á dhéanamh orthu i rith an ama. Is iad seo a leanas na réimsí oibríochtaí san Ollscoil a mbeidh tionchar ag an bpaindéim orthu: laghdú suntasach ar líon na mac léinn idirnáisiúnta agus laghdú de shórt éigin ar líon na mac léinn céime agus iarchéime don bhliain 2020/21, costais níos airde ag baint leis an aistriú go múnla chun cláir a sholáthair ar bhealach measctha, baill foirne ag cianobair agus na campais a chur in oiriúint chun treoirlínte sláinte poiblí a chomhlíonadh. Ar an 2 Deireadh Fómhair 2020, rinne FSS cúnamh maoinithe suas go €5.864 milliún chun dul i ngleic leis an gcaiteachas níos airde.

Lena chois sin, ar an ábhar gur druideadh láithreacha tógála ar bhonn náisiúnta, bhí moill ann na foirgnimh a bhí á dtógáil i nGráinseach Ghormáin a chur i gcrích agus moill dá bhrí sin ar an imeacht as na campais a bhí i lár na cathrach. Tá na costais a bhaineann leis na moilleanna sin curtha san áireamh sna hathbhreithnithe airgeadais atá fós ar siúl.

Bunaithe ar athbhreithniú ar na cásanna sin, tá an Bord Rialaithe sásta go mbeidh teacht ag an Ollscoil ar go leor acmhainní chun leanúint ar aghaidh i mbun gnóthaí go ceann 12 mhí ar a laghad ón dáta a síníodh na Ráitis Airgeadais. Ar an gcúis sin, glacann siad an gnóthas leantach mar bhonn chun na Ráitis Airgeadais a ullmhú.

I Lúnasa 2019, chuir an Ollscoil díolachán mhaoin Shráid Chaoimhín i gcrích. I Meán Fómhair 2019, aistríodh €135 milliún chuig Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin chun forbairt champas Ghráinseach Ghormáin a mhaoiniú. (Tugtar achoimre i nóta 26 ar na socruithe atá ar bun leis an ngníomhaireacht). Tá sciar d’fháltais an díolacháin i seilbh dhlíodóirí na hOllscoile go dtí go bhfaighfear amach an toradh i gcás dlí. Aithnítear an méid mar infháltas (nóta 15).

Faoi na forálacha atá i socrú díolacháin agus aisléasaithe a socraíodh mar chuid den díolachán, beidh pionóis le híoc mura bhfágtar an foirgneamh faoin 31 Deireadh Fómhair 2020. Mar gheall ar na moilleanna tógála de bharr Covid-19, níl an Ollscoil ag súil go mbeifear in ann an foirgneamh a fhágáil faoin dáta sin agus tá plé ar bun leis an Údarás um Ard-Oideachas i dtaca le maoiniú breise.

Cuireadh díolachán fhoirgneamh Ardscoil an Cheoil agus na Drámaíochta i Ráth Maonais i gcrích i mí na Nollag 2019.

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha eile ann ó dheireadh na bliana a mbeadh impleachtaí ag baint leo i dtaca leis na Ráitis Airgeadais seo

## 25. Nochtadh Idirbheart – Comhaltaí an Bhoird Rialaithe

Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Ollscoil dul i mbun socruithe conarthacha agus gnóthais ina mbeidh comhaltaí Bhord Rialaithe na hOllscoile fostaithe nó a mbeidh leas éigin eile acu iontu. Tá nósanna imeachta glactha ag an Ollscoil i gcomhréir le Cód Rialachais OT Baile Átha Cliath maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Bhoird Rialaithe agus tá an Ollscoil i ndiaidh cloí leis na nósanna imeachta sin le linn na tréimhse.

## 26. Freastal chomhaltaí an Bhoird Rialaithe

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Lúnasa 2019, thionóil an Ollscoil naoi gcruinniú den Bhord Rialaithe agus tugtar achoimre thíos ar an bhfreastal ar na cruinnithe sin don tréimhse seo. (*Tabhair faoi deara gur ceapadh cuid comhaltaí chun an Bhoird Rialaithe le linn na tréimhse seo, agus d'éirigh cuid eile as, ar dhátaí éagsúla a thugtar le fios thíos).*

| COMHALTA DEN BHORD RIALAITHE | I LÁTHAIR | AS LÁTHAIR | FREASTAL IS FEARR IS FÉIDIR A BHEITH ANN |
|---|---|---|---|
| **Arna ceapadh ón 1 Eanáir 2019** | | | |
| Collins, Tom [1] | 8 | 0 | 8 |
| Fisher, Caitríona | 8 | 1 | 9 |
| FitzPatrick, David | 9 | 0 | 9 |
| Lavelle, Paddy | 9 | 0 | 9 |
| Reynolds, Imelda | 8 | 1 | 9 |
| **Arna ceapadh ón 15 Eanáir 2019** | | | |
| Blanckensee, Deirdre [2] | 7 | 0 | 7 |
| Carr, Michael | 6 | 2 | 8 |
| Keating, Amy | 7 | 1 | 8 |
| **Arna ceapadh ón 1 Iúil 2019** | | | |
| Barnes, James | 1 | 0 | 1 |
| Bistany, Valerie | 1 | 0 | 1 |
| Bowler, Paddy | 0 | 1 | 1 |
| Carroll, Evelyn | 0 | 1 | 1 |
| Finan, Éilish | 1 | 0 | 1 |
| Grant, Jerry | 1 | 0 | 1 |
| Kelly, Pamela | 1 | 0 | 1 |
| Larkin, Charles | 1 | 0 | 1 |
| Marjoram, Martin | 1 | 0 | 1 |
| McCarthy, Justin | 0 | 1 | 1 |
| O'Shaughnessy, Susan | 1 | 0 | 1 |
| O'Toole, Aileen | 1 | 0 | 1 |
| Yimbog, Pierre | 1 | 0 | 1 |

1 D'éirigh an tOllamh Tom Collins as an mBord Rialaithe an 30 Meitheamh 2019.

2 Chuir Deirdre Blackensee a téarma oifige i gcrích an 30 Meitheamh 2019.

## 27. Íocaíochtaí Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Tá Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin freagrach as láthair 73 acra a fhorbairt i lár na cathrach thuaidh i mBaile Átha Cliath. Tá an ghníomhaireacht rialaithe ag an Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, 2005. Is é is cuspóir don fhorbairt ná na suíomhanna ar fad a bhfuil an Ollscoil suite orthu a chur le chéile ar champas amháin. I Meán Fómhair 2014, rinneadh 1,100 mac léinn a athlonnú go campas Ghráinseach Ghormáin. I Meán Fómhair 2020, beidh 10,000 mac léinn eile ag athlonnú agus táthar ag súil go mbeidh na mic léinn eile atá i lár na cathrach ag athlonnú sna blianta atá romhainn.

Mar a sheas cúrsaí an 31 Lúnasa 2019, bhí €69.54m íoctha ag an Ollscoil le Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GDA). Caitheann an Ollscoil le híocaíochtaí le GDA mar fhéichiúnaí fadtéarma. I gcomhaontú le GDA, tá €23.47m sócmhainní seasta aitheanta ag an Ollscoil i ráitis airgeadais na hOllscoile i dtaca le foirgnimh atá áitithe ag an Ollscoil. Tá an figiúr féichiúnaí laghdaithe mar tá na sócmhainní aitheanta ag an Ollscoil. Rinne an Ollscoil €19.32m as €23.47M sócmhainní seasta a aithníodh a mhaoiniú agus maoiníodh an chuid eile ó dheontas caipitil €4.15m ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

| | 31 Lúnasa 2019 | 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|
| Iasacht do GDA: | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019 | 20,658 | 20,645 |
| Coigeartú iarmhéid tosaigh | 51 | - |
| Aistrithe chuig GDA le linn na tréimhse | 29,556 | 13 |
| Caiteachas na hOllscoile tabhaithe ag GDA | (49) | - |
| Caiteachas GDA tabhaithe ag an Ollscoil | 10 | - |
| Iarmhéid deiridh | 50,226 | 20,658 |

Coinneoidh GDA úinéireacht tailte agus maoine eile ionas gur féidir forbairt an champais a éascú. Déanann an Ollscoil cuid acu sin a fheidhmiú faoi mheascán de cheadúnas agus léas. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar stádas na sócmhainní sin agus aithneoidh an Ollscoil iad mar shócmhainní seasta nuair a bheidh siad go hiomlán á rialú ag an Ollscoil. Tá creatlach aistrithe maoine comhaontaithe le GDA agus aistreofar teideal talún agus maoine ó GDA chun na hOllscoile mar a aithneofar na sócmhainní mar shócmhainní de chuid na hOllscoile.

## 28. Costais Sochair Scoir

*(i) Soláthar Foirne*

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách luacháil iomlán achtúireach sa bhliain reatha. Léirítear sa staid oscailte ar an 1 Eanáir 2019 staid chomhcheangailte na dtrí Institiúid dhíscaoilte.

*(ii) Cur síos ar Scéim Ollscoile*

Socrú pinsin sochar sainithe tuarastal deiridh atá sa scéim pinsin ina bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí atá sainithe faoi threoir rialacháin reatha le haghaidh scéim "shamplach" don earnáil phoiblí. Leis an scéim tugtar pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim agus pinsin don chéile agus páistí. An ghnáthaois scoir ná breithlá 65 bliain baill agus tá baill ó roimh 2004 i dteideal imeacht ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain. Tagann méadú ar phinsin in íocaíocht (agus iarchur) de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta ar thuarastail san earnáil phoiblí. Déanann an Ollscoil asbhaintí ó bhaill foirne a choinneáil.

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019

**28. Costais Sochair Scoir (ar lean.)**

*Scéim Aonair*

I gcás baill nua foirne, atá fostaithe ag an Ollscoil ó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013, tá siadsan ina mball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar asbhaintí ó thuarastail foirne faoin Scéim Aonair a aistriú chun na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach mí i gcomhréir leis an Acht.

Is éard atá sa Scéim Aonair an scéim pinsean gairme le haghaidh seirbhísigh phoiblí nua a earcaíodh ón 1 Eanáir 2013. Scéim sochar sainithe atá ann agus déantar sochair scoir a bhunú ar mheánphá gairme. Leis an scéim, gintear creidiúintí pinsin agus creidiúintí le haghaidh cnapshuimeanna scoir go gach ball den scéim. Maidir leis na creidiúintí airgid sin, a dtugtar "méideanna inchurtha" orthu, fabhraítear iad mar chéatadáin den phá ar bhonn leanúnach. Déantar na méideanna inchurtha a fhabhraítear gach bliain a athluacháil go bliantúil go dtí go dtéitear ar scor i gcomhréir le méadú boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Maidir leis an bpinsean bliantúil a bhronntar nuair a théitear ar scor, is é atá ansin iomlán carnach méideanna inchurtha pinsin baill scéime. An chnapshuim scoir a bhronntar, ar aon dul leis sin, is é atá i gceist léi sin ná iomlán mhéideanna inchurtha cnapshuime an bhaill scéime.

*Luacháil*

Rinneadh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS 102 a bhunú ar luacháil iomlán achtúireach ar thug achtúire cáilithe neamhspleách fúithi agus ceanglais FRS á gcur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas an 31 Lúnasa 2019. Nuair a théann siad ar scor, íocann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte pinsin ball thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna agus muirearaítear na híocaíochtaí sin ar chuntas leithreasa na Roinne sin. Mar sin de, níor cuireadh iarfhostaithe na hOllscoile atá ag fáil pinsin san áireamh sa luacháil. Léirítear an laghdú ar dhliteanas a éiríonn as baill a imíonn ar scor le linn na bliana mar ghnóthachan taithí agus aithnítear é as féin sa réiteach dliteanais.

Ba iad seo a leanas na foshuíomhanna achtúireacha ba mhó a úsáideadh chun comhpháirteanna an chostais sochar sainithe a ríomh don tréimhse ocht mí dar críoch an 31 Lúnasa 2019:

| | **31 Lúnasa 2019** | **31 Nollaig 2018** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 0.90% | 2.10% |
| Ráta boilscithe | 1.30% | 1.85% |
| Méaduithe ar thuarastail | 2.55% | 3.10% |
| Méaduithe ar phinsin | 2.05% | 2.60% |

**28. Costais Sochair Scoir (ar lean.)**

Fágann an bonn mortlaíochta a glacadh gur féidir feabhsuithe a chur ar bun i dtaca leis an ionchas saoil in imeacht aimsire, ionas go mbeidh an t-ionchas saoil ar scor ag brath ar an mbliain a mbaineann ball aois scoir (65 bliain d'aois) amach. Tá líon na mball atá sa scéim agus an líon básanna róbheag chun anailís a dhéanamh orthu agus aon mheastacháin fhiúntacha a bhaineann go sonrach leis an scéim a dhéanamh i dtaca le leibhéil na mortlaíochta amach anseo. An t-ionchas saoil ar an meán de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh leis na dliteanais phinsin a shocrú ná:

| | 31 Lúnasa 2019 | 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|
| | **Bliain** | **Bliain** |
| Fear 65 bliain d'aois | 21.7 | 21.5 |
| Bean 65 bliain d'aois | 24.1 | 24.0 |

*(iii) Anailís ar chostais iomlána sochar scoir muirearaithe don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach*

| | 31 Lúnasa 2019 | 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Costas reatha seirbhíse | 31,244 | 63,095 |
| Ús ar dhliteanais na Scéime Sochar Scoir | 11,873 | 24,588 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | (5,590) | (10,841) |
| | 37,527 | 76,842 |

*(iv) Luaineacht in oibleagáidí glansochar scoir le linn na tréimhse airgeadais*

| | 31 Lúnasa 2019 | 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Oibleagáid glansochar scoir ar an 1 Eanáir | 840,487 | 824,224 |
| Glanchostais seirbhíse reatha | 25,654 | 52,254 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | 5,590 | 10,841 |
| Costais úis | 11,873 | 24,588 |
| Caillteanais/(Gnóthachan) taithí ar dhliteanais | 12,355 | (22,263) |
| Laghdú ar dhliteanais phinsin a tháinig as daoine ag imeacht ar scor le linn na tréimhse | (7,120) | (34,266) |
| Athruithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha | 143,041 | (14,891) |
| Oibleagáidí glansochar scoir deiridh | 1,031,880 | 840,487 |

**28. Costais Sochair Scoir (ar lean.)**

| | | |
|---|---|---|
| Arna scoilt idir | | |
| SPSPS | 15,074 | 9,219 |
| ESS | 1,016,806 | 831,268 |

*(v) Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir*

Tá an Ollscoil á forordú in I.R. Uimh. 581 de 2012 mar údarás ábhartha chun críocha na scéime aonair. Is é is tuairim don Ollscoil (i gcomhréir le halt 44 d'Acht 2012) go ndéanfaí aon dliteanas i leith na Scéime Aonair a fhritháireamh ag sócmhainn choibhéise i dtaca le maoiniú Stáit feasta.

Aithníonn an Ollscoil suimeanna atá dlite ón Stát as an dliteanas iarchurtha nár maoiníodh le haghaidh sochair scoir a bhaineann le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015, bunaithe ar an tacar foshuíomhanna a thugtar thuas agus roinnt áirithe imeachtaí san am atá thart. Áirítear ar na himeachtaí sin an bonn reachtúil leis an scéim sochar scoir a bhunú, agus an beartas agus cleachtas atá ar bun faoi láthair maidir le pinsin sa tseirbhís phoiblí a mhaoiniú, ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán san áireamh. Níl aon fhianaise ag an Ollscoil nach leanfaidh an beartas maoinithe sin ar aghaidh suimeanna mar sin a shásamh de réir an chleachtais reatha.

Ba é seo a leanas an cistiú glan iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach:

| | 31 Lúnasa 2019 | 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cistiú in-aisghabhála i dtaca le scor | 37,527 | 76,842 |
| Costais scoir | 37,527 | 76,842 |

Bhí €1,031,880 ar na dliteanais chistiúcháin le haghaidh sochar scoir ar an 31 Lúnasa 2019.

*(vi) Stair oibleagáidí sainithe sochar*

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Oibleagáidí Sainithe Sochar | 1,031,880 | 840,487 |

**29. Formheas na ráiteas airgeadais**

Rinne an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais a fhormheas an 4 Samhain 2020.

# AGUISÍN NACH CUID DE CHUNTAIS NA hOLLSCOILE É AGUS NACH nDEARNA AN tARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE INIÚCHADH AIR

# Fondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Iniúchta

## don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019


Uimhir na Cuideachta: 343001
Uimhir Charthanais: 14226
Uimhir an Rialálaí Carthanas: 20045807

**Fondúireacht OT Baile Átha Cliath**

## Clár Ábhair


| | Leathanach |
|---|---|
| Eolas tagartha agus riaracháin | 3 |
| Tuarascáil Bhliantúil Iontaobhaithe | 4 -6 |
| Ráiteas faoi fhreagrachtaí na nIontaobhaithe | 7 |
| Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách | 8 - 9 |
| Ráiteas faoi Ghníomhaíochtaí Airgeadais | 10 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Achomair | 11 |
| Clár Comhardaithe | 12 |
| Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid | 13 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 14 - 19 |
| Faisnéis fhorlíontach a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 20 -22 |

## Fondúireacht OT Baile Átha Cliath
# EOLAS TAGARTHA AGUS RIARACHÁIN

| | |
|---|---|
| Iontaobhaithe | Angela Maria Brady<br>Peter Coyle<br>Sean Dorgan (ar scor an 31 Nollaig 2018)<br>David FitzPatrick (arna cheapadh an 26 Feabhra 2019) Jim Gahan<br>Neville John Hogan<br>David Mario Kennedy<br>Robert Kerr<br>Anna Marie McHugh<br>Brian Norton (ar scor 9 Eanáir 2019) Noel O'Connor<br>Ian Fergus O'Herlihy |
| Rúnaí Cuideachta | Noel O'Connor |
| Uimhir Charthanais | 14226 |
| Uimhir an Rialálaí Carthanas | 20045807 |
| Uimhir na Cuideachta | 343001 |
| Oifig Chláraithe agus Príomhsheoladh | Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath<br>Túr an Chloig,<br>Gráinseach<br>Ghormáin, BÁC 7 |
| Iniúchóirí | Anne Brady McQuillans DFK<br>Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Reachtúla, Cúirt<br>Uíbh Eachach<br>Bóthar<br>Fhearchair, BÁC<br>2 |
| Baincéirí | AIB<br>1 Sráid Bhagóid<br>Íochtarach, BÁC 2 |
| Dlíodóirí | Arthur Cox<br>Solicitors, Ardán<br>Phort an Iarla,<br>BÁC 2 |

Tá a dTuarascáil Bhliantúil Iontaobhaithe á cur i láthair ag na hiontaobhaithe, ina gcuirtear le chéile Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Tuarascáil na nIontaobhaithe mar aon leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014, FRS 102 – an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanais: Ráiteas faoin gcleachtas molta is infheidhme le haghaidh carthanais atá ag ullmhú a gcuid ráiteas airgeadais i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102).

I dTuarascáil na nIontaobhaithe tá an fhaisnéis is gá a chur ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil na nIontaobhaithe de réir threoirlínte an Ráitis faoi Chleachtas Molta. Is iontaobhaithe carthanais iontaobhaithe na cuideachta chomh maith chun críocha an dlí maidir le carthanais agus i mbunreacht na cuideachta tugtar comhaltaí bhord na n-iontaobhaithe orthu.

Sa tuarascáil seo, cuireann iontaobhaithe Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath i láthair achoimre ar a cuspóir, rialachas, gníomhaíochtaí, éachtaí agus cúrsaí airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019.

Carthanas cláraithe atá sa chuideachta agus, mar sin, tá an tuarascáil agus na torthaí á gcur i láthair i bhfoirm a chomhlíonann ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 agus, cé nach bhfuil oibleagáid ann cloí leis an Ráiteas faoi Chleachtas Molta (i bhfeidhm Eanáir 2015), tá an eagraíocht i ndiaidh a mholtaí siúd a chur i bhfeidhm nuair is ábhartha sna ráitis airgeadais seo.

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal.

**Misean, Cuspóirí agus Straitéis**

**Cuspóirí**
Carthanas neamhspleách is ea Fondúireacht OT Baile Átha Cliath (CHY 14226) a bunaíodh in 2001 chun misean OT Baile Átha Cliath – an soláthraí is mó oideachais teicneolaíochta in Éirinn - a chur chun cinn agus, dá réir, timpeallacht teagaisc agus foghlama a bheadh foghlaimeoir-lárnach, freagrúil agus nuálach a éascú le haghaidh réimse leathan clár ar leibhéil éagsúla do mhic léinn ar gach aois ó gach cúlra.

Tá ról lárnach ag an daonchairdeas chun cistí a fháil agus cur leis na hacmhainní a chuirfear ar fáil do mhic léinn amach anseo. Tá Fondúireacht OT Baile Átha Cliath tiomanta ó thaobh an cultúr ar leith atá in OT Baile Átha Cliath a léiriú chomh maith le tairbhe a bhaint as tacaíocht phríobháideach ar mhaithe leis an Institiúid. Tá Fondúireacht OT Baile Átha Cliath ag obair chun cultúr daonchairdis a chothú in OT Baile Átha Cliath agus chun tacaíocht daonchairdis agus rannpháirtíocht a spreagadh i measc alumnas, cairde, baill foirne, corparáidí agus iontaobhais charthanais.

Déanann Fondúireacht OT Baile Átha Cliath cistí a chruinniú faoi thrí ghné:
1. Caipiteal - tacú lenár gcampas a fhorbairt agus saoráidí den chéad scoth a chur ar fáil.
2. Clár - tacú leis an bhfeabhas san fhoghlaim, sa teagasc agus sa taighde.
3. Mic léinn - scoláireachtaí agus sparánachtaí a chur ar fáil chun tacú le mic léinn an gealladh atá fúthu a bhaint amach.

**Struchtúr, Rialachas agus Bainistíocht**

**Struchtúr**
Tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Bainisteoir Sinsearach Forbartha, Bainisteoir Caidrimh Alumnas agus Riarthóir ag obair le Fondúireacht OT Baile Átha Cliath. Déanann bord seachtrach deonach maoirseacht ar an bhFondúireacht, Bord Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath. Tá Fondúireacht OT Baile Átha Cliath ag obair faoi láthair chun an Cód Cleachtais le haghaidh Carthanas a chomhlíonadh.

**Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí, éachtaí agus feidhmíocht**

Rinneadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an Institiúid) a dhíscaoileadh ón 1 Eanáir 2019 faoi théarmaí Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 (an tAcht) agus Ordú Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta (alt 36) (an Lá Ceaptha), 2018 (I.R. Uimh. 437 de 2018). Rinneadh cearta, oibleagáidí agus baill foirne na nInstitiúidí a aistriú chuig Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gcomhréir leis an Acht.

Athraíodh ainm Fhondúireacht DIT go Fondúireacht OT Baile Átha Cliath an 4 Aibreán

2019. Transforming Tomorrow

Tá feachtas tiomsaithe airgid caipitil seolta ag Fondúireacht OT Baile Átha Cliath Transforming Tomorrow, arb é is sprioc leis €30m a thiomsú sna 5-7 mbliana atá le teacht chun tacú le campais Ghráinseach Ghormáin agus Dhroichead Broome a fhorbairt. Baineadh leas as an eolas i staidéar féidearthachta ar tugadh faoi in 2017 don fheachtas tiomsaithe airgid caipitil agus cuirfear i bhfeidhm é ar bhonn céimneach. Tá OT Baile Átha Cliath i ndiaidh sciar suntasach de chostas an tionscadail a dhaingniú ón Stát agus acmhainní inmheánacha. Beidh tionchar dúbailte ag gealltanais daonchairdis ónár n-alumnas agus páirtithe leasmhara: cuirfidh siad dlús faoi thosaíochtaí OT Baile Átha Cliath agus cuirfidh siad ar ár gcumas dúinn na caighdeáin is airde feabhais a bhaint amach ar ár gcampas úr. San fheachtas seo, is mian linn dul i bpáirtíocht le daoine aonair, cuideachtaí agus eagraíochtaí a bhfuil an fhís chéanna acu don Ollscoil an chéad chéim eile i bhforbairt oideachais, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann a ghríosú. I gCéim 1 (2018 go 2020) is mian linn €5 milliún in infheistíochtaí socraithe luais a dhaingniú.

Sa bhliain 2018/2019, cheiliúraigh Fondúireacht OT Baile Átha Cliath roinnt éachtaí suntasacha i dtaca le tacaíocht daonchairdis a thógáil le haghaidh OT Baile Átha Cliath. I measc na mbuaicphointí a bhí ann don bhliain, bhí:

- Rinneadh sprioc Chéim 1 de €5 milliún a shárú bliain amháin roimh an sceideal a bhuíochas le tacaíocht fhial ó dheontóirí tábhachtacha
- Fuarthas gealltanas ceannasaíochta €1 milliún ó Jones Engineering as Design and Construct a fhorbairt in OT Baile Átha Cliath, Droichead Broome
- Íocaíocht shuntasach ó JP Morgan Chase Foundation chun tacú go leanúnach le Rochtain ar Phrintíseacht
- Leanúint ar aghaidh cur lenár gciste scoláireachta, níos mó ná €250,000 faighte chun tacú go díreach le mic léinn in 2018/2019.

**Torthaí Airgeadais**

Ar dheireadh na bliana tá sócmhainní €2,187,184 (2018 - €2,011,152) agus dliteanais €4,719 {2018 - €5,609) ag an gcuideachta. Tá glansócmhainní na cuideachta i ndiaidh méadú €176,922.

**Príomhrioscaí agus éiginnteacht**

Déanann Fondúireacht OT Baile Átha Cliath clár riosca a bhainistiú a ndéantar athbhreithniú air dhá uair sa bhliain agus a nuashonraítear nuair is gá. Tá clár riosca Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath ag teacht le straitéis bainistíochta riosca OT Baile Átha Cliath.

**Forbairtí amach anseo**

Tá feachtas tiomsaithe airgid caipitil €30 milliún seolta ag Fondúireacht OT Baile Átha Cliath, 'Transforming Tomorrow', chun an fhís a fhíorú le haghaidh OT Baile Átha Cliath mar ionad cuimsitheach agus bríomhar don oideachas san aonú haois is fiche. Sna cúig bliana go seacht mbliana atá romhainn, díreoidh Fondúireacht OT Baile Átha Cliath ar thiomsú airgid dár dtionscadail.

**Iontaobhaithe agus Rúnaí**

Ba iad na hiontaobhaithe a thug seirbhís i rith na bliana, ach amháin nuair a thugtar le fios a mhalairt, mar seo a leanas:

Angela Maria Brady
Peter Coyle
Sean Dorgan (ar scor an 31 Nollaig 2018)
David FitzPatrick (arna cheapadh an 26 Feabhra 2019)
Jim Gahan
Neville John Hogan
David Mario Kennedy
Robert Kerr
Anna Marie McHugh
Brian Norton (ar scor 9 Eanáir 2019)
Noel O'Connor
Ian Fergus O'Herlihy

I gcomhréir leis na hAirteagail Chomhlachais, téann na stiúrthóirí ar scor ar bhonn rothlach agus, má bhíonn siad incháilithe, cuireann siad iad féin chun tosaigh le go dtoghfar arís iad. Ba é Noel O'Connor a bhí mar rúnaí i rith na bliana.

**Reachtaíocht agus Caighdeáin ar fud na hEarnála a chomhlíonadh**
Téann an chuideachta charthanais i mbun plé go réamhghníomhach leis an reachtaíocht, na caighdeáin agus cóid a fhorbraítear don earnáil. Glacann Fondúireacht OT Baile Átha Cliath, leo seo a leanas, chomh maith le hiad a chomhlíonadh:

Acht na gCuideachtaí, 2014
SORP na gCarthanas (FRS
102) Cód Rialachais na
gCarthanas

**Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe**
Ní raibh aon imthosca ná imeachtaí ann ó bhí deireadh na bliana ann, a raibh coigeartú ag teastáil ina leith ná nochtadh sna ráitis airgeadais ná sna nótaí a ghabhann leo.

**Síntiúis pholaitíochta**
Níor thug an carthanas aon síntiúis pholaitíochta le linn na bliana.

**Taighde agus forbairt**
Níor thug an carthanas faoi aon ghníomhaíocht taighde agus forbartha le linn na bliana.

**Imeachtaí i ndiaidh dhátaí an chláir chomhardaithe**
Ní raibh aon imthosca ná imeachtaí ann ó bhí deireadh na bliana ann, a raibh coigeartú ag teastáil ina leith ná nochtadh sna ráitis airgeadais ná sna nótaí a ghabhann leo.

**Iniúchóirí**
Tá na hiniúchóirí, , Anne Brady McQuillans DFK, i ndiaidh a chur in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig i gcomhréir le forálacha alt 383(2) in Acht na gCuideachtaí, 2014.

**Ráiteas faoi Fhaisnéis Ábhartha Iniúchóireachta**
Níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann nach bhfuil na hiniúchóirí reachtúla feasach ina taobh. Tá na céimeanna ar fad glactha ag na hiontaobhaithe chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus tá sé socraithe acu go bhfuil na hiniúchóirí ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

**Taifid chuntasaíochta**
Lena chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta ar leor iad i gcomhréir le hailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá gairmithe cuntasaíochta atá cáilíthe mar is cuí fostaithe ag na hiontaobhaithe agus tá córais chuntasaíochta chuí ríomhaireachta á gcoinneáil acu. Tá na taifid chuntasaíochta lonnaithe in oifig na cuideachta, OT Baile Átha Cliath, Túr an Chloig, Gráinseach Ghormáin, BÁC 7.

Formheasta ag Bord na nIontaobhaithe ar an 25/02/20 agus sínithe thar a cheann ag:

**Jim Gahan**
**Trustee**

Noel O'Connor
Iontaobhaí

**Fondúireacht OT Baile Átha Cliath,**

## RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ NA NIONTAOBHAITHE

don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019

Is iad na hiontaobhaithe stiúrthóirí Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath, chun críocha dhlí na gcuideachtaí. Is iadsan atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí agus rialacháin na hÉireann is infheidhme.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn go ndéanfaidh na hiontaobhaithe, mar stiúrthóirí, ráitis airgeadais a ullmhú gach bliain airgeadais. De réir an dlí, tá cinneadh déanta ag na hiontaobhaithe na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus FRS 102 – an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. De réir dhlí na gcuideachtaí, caithfidh na hiontaobhaithe gan na ráitis airgeadais a fhormheas ach amháin má bhíonn siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar na sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta ar dheireadh na bliana airgeadais agus ar ghlanioncam agus caiteachas na cuideachta don bhliain airgeadais agus i ngach slí eile cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, éilítear ar na hiontaobhaithe:

- Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- cloí leis na modhanna agus prionsabail sa Ráiteas faoin gCleachtas Molta: Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanais (2015);
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- a lua a ndearnadh na ráitis a ullmhú i gcomhréir leis an gcreat ábhartha airgeadais, na caighdeáin sin a aithint, agus nóta a dhéanamh den éifeacht agus de na cúiseanna taobh thiar d'aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- bonn an ghnóthais leantaigh a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú ach amháin murar iomchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh ag feidhmiú.

Deimhníonn na hiontaobhaithe go ndearna siad na ceanglais thuas a chomhlíonadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na hiontaobhaithe freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go dtosaítear ag coinneáil, taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a mhíníonn agus a dhéanann taifeadadh d'idirbhearta na cuideachta, a fhágann gur féidir ag aon am sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus glanioncam nó caiteachas na cuideachta a ríomh go réasúnta cinnte, a fhágann gur féidir leo a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus Tuarascáil Bhliantúil na Cuideachta ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014, agus gur féidir iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach fosta as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Go bhfios do na hiontaobhaithe:

- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta (faisnéis atá ag teastáil ó iniúchóir na cuideachta maidir le tuarascáil an iniúchóra a ullmhú) nach bhfuil iniúchóir na cuideachta ar an eolas fúithi, agus
- tá na céimeanna ar fad glactha ag na hiontaobhaithe ar chóir dóibh a ghlacadh mar iontaobhaithe chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus tá sé socraithe acu go bhfuil na hiniúchóirí ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Tá na hiontaobhaithe freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na cuideachta a chothabháil agus as í a bheith iontaofa. Tá seans ann go mbeidh difear idir an Reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann i dtaca le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh agus a bheith i ndlínse eile.

Formheasta ag Bord na nIontaobhaithe ar an 25/02/20 agus sínithe thar a cheann ag:

Noel O'Connor

[redacted] - Iontaobhaí

# TUARASCÁIL ÓN INIÚCHÓIR NEAMHSPLEÁCH
## do Chomhaltaí Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath,

### Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

**Tuairim**

Tá ráitis airgeadais na cuideachta iniúchta againn le haghaidh Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath, don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2019 ina bhfuil an Ráiteas faoi Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Cuntas Achomair Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus na nótaí a bhaineann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta a leagtar amach i nóta 2. Is é an creat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102 "The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland" agus Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanais: Ráiteas faoin gcleachtas molta is infheidhme le haghaidh carthanais atá ag ullmhú a gcuid ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102.

Inár dtuairim faoi na ráitis airgeadais:
- tugtar iontu léargas fíor agus cóir a thabhairt ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta ar an 31 Lúnasa 2019 agus na hacmhainní glana ag teacht isteach don bhliain a tháinig chun deiridh ansin;
- rinneadh iad a ullmhú i gceart i gcomhréir le FRS 102 "The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland" mar is infheidhme i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, agus ag féachaint chuig SORP na gCarthanas; agus
- rinneadh iad a ullmhú i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

**Bonn don tuairim**

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta le haghaidh Iniúchóireachta (Éire) (ISAanna (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Cuirtear síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin tuilleadh i bhfreagrachtaí an iníuchóra le haghaidh iniúchadh na ráiteas airgeadais sa chuid maidir leis na ráitis airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir le ceanglais eiticiúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais i nÉirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil le haghaidh Iniúchóirí (Éire), arna eisiúint ag IAASA, agus na forálacha atá ar fáil nuair a dhéantar iniúchadh ar eintitis bheaga, a leagtar amach i nóta 4 leis na ráitis airgeadais, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceangalis sin. Creidimid gur leordhóthanach agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn chun bonn a sholáthar don tuairim atá againn.

**Conclúidí ag baint le gnóthas leantach**

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas a n-éilíonn ISAnna (Éire) orainn tuairisciú ina dtaobh i gcás:
- nach mbeadh sé oiriúnach do na hiontaobhaithe úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a ullmhú; nó
- nár nocht na hiontaobhaithe sna ráitis airgeadais aon éiginnteacht ábhartha aitheanta a léireodh go mbeadh amhras suntasach ann faoi chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh le bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh go ceann ar a laghad dhá mhí dhéag ón dáta a ndéantar na ráitis airgeadais a údarú lena n-eisiúint.

**Faisnéis eile**

Tá na hiontaobhaithe freagrach as an bhfaisnéis eile. San fhaisnéis tá an fhaisnéis a chuirtear san áireamh sa tuarascáil bhliantúil diomaite de na ráitis airgeadais agus ár dTuarascáil Iniúchóra ina leith. Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile inár dtuairim faoi na ráitis airgeadais agus, diomaite den fhairsinge curtha in iúl go sonrach inár dtuarascáil, ní thugaimid aon chineál conclúide maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá againn an fhaisnéis eile a léamh agus, dá bhrí sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas atá faighte againn san iniúchadh, nó go bhfuil cuma ar chúrsaí go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Má aithnímid neamhréireachtaí ábhartha mar sin nó míráitis ábhartha, ceanglaítear orainn a dheimhniú an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha san ábhar eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtagaimid ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn an fhíric sin a thuairisciú. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

**Tuairimí ar nithe eile a ordaítear in Acht na gCuideachtaí, 2014**

Bunaithe go hiomlán ar an obair atá déanta againn i gcúrsa na hiniúchóireachta, is é atá le tuairisciú againn ná:
- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na nIontaobhaithe don bhliain airgeadais dá bhfuil na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- inár dtuairim, go ndearnadh Tuarascáil Bhliantúil na nIontaobhaithe a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014. Tá an fhaisnéis agus an míniú ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach lenár n-iniúchadh a chur i gcrích.

Inár dtuairim, ba leor taifid chuntasaíochta na cuideachta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú ina leith mar eisceacht**

Bunaithe ar an eolas agus tuiscint ar an gcuideachta agus an timpeallacht ina bhfuil sí a fuarthas i gcúrsa na

hiniúchóireachta, nílimid i ndiaidh teacht ar aon mhíráitis ábhartha i dTuarascáil Bhliantúil na nIontaobhaithe. Éilíonn Acht na gCuideachtaí, 2014, tuairisciú daoibh más amhlaidh, inár dtuairim, nach ndearnadh luach saothair na n-iontaobhaithe agus na hidirbhearta a éilítear in ailt 305 go 312 den Acht a nochtadh. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

# TUARASCÁIL ÓN INIÚCHÓIR NEAMHSPLEÁCH
## do Chomhaltaí Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath

**Freagrachtaí faoi seach**

**Freagrachtaí atá ag iontaobhaithe do na ráitis airgeadais**

Mar a thugtar le fios ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na nIontaobhaithe ar leathanach 7, tá na hiontaobhaithe freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugtar léargas fíor cothrom iontu, agus as rialú inmheánach mar a mheasann siad a bheith riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na hiontaobhaithe freagrach as cumas na cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach a mheasúnú, agus as nochtadh, nuair is iomchuí, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid ach amháin má tá sé i gceist ag an mbainistíocht an chuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó nuair nach mbíonn an dara rogha ann ach é sin a dhéanamh.

**Freagrachtaí an iniúchóra i leith na ráitis airgeadais a ullmhú**

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir lena bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, ar an iomlán, mar gheall ar chalaois nó earráid, agus chun Tuarascáil Iniúchóra a eisiúint ina bhfuil ár dtuairim. Is é is dearbhú réasúnta ann ardleibhéal ráthaíochta, ach ní dearbhú é go ndéanfaidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha a bhrath nuair is ann dó. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar gur ábhartha iad más é an cás, ina n-aonar nó nuair a chuirtear le chéile iad, go bhféadfá a bheith ag súil go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí i leith ráitis airgeadais a iniúchadh le fáil ar shuíomh gréasáin IMSA ar: <www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description of auditors responsibilities for audit.pdf.> Tá an cur síos mar pháirt dár dTuarascáil Iniúchóra.

**An chúis den obair iniúchóireachta a dhéanaimid agus cé dá bhfuilimid freagrach**

Tá ár dtuarascáil go hiomlán á déanamh do bhaill na cuideachta, mar chomhlacht, i gcomhréir le halt 391 in Acht na gCuideachtaí, 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre ionas go dtiocfadh linn a lua le baill na cuideachta na nithe sin a gceanglaítear orainn a lua i dTuarascáil Iniúchóra agus ní chun críocha ar bith eile. A fhaide agus a cheadaítear dúinn de réir an dlí, ní ghlacaimid agus ní thógaimid aon fhreagracht d'aon duine diomaite den chuideachta agus baill na cuideachta, mar chomhlacht, dár gcuid oibre iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá againn.

Natalie Kelly
thar ceann ('
ANNE BRADY MCQUILLAN$ DFK
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Reachtúla
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar
Fhearchair
Baile Átha
Cliath 2

25/02/2020

# RÁITEAS FAOI GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | Nótaí | Cistí neamhshrianta 2019 € | Cistí srianta 2019 € | Iomlán 2019 € | Cistí neamhshrianta 2018 € | Cistí srianta 2018 € | Iomlán 2018 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí | | | | | | | |
| Ioncam ó ghníomhaíochtaí carthanachta | 5.1 | 386,505 | 1,397,934 | 1,784,439 | 549,165 | 1,667,986 | 2,217,151 |
| Infheistíochtaí | 5.2 | 4,968 | | 4,968 | 177 | 4,727 | 4,904 |
| Ioncam eile | 5.3 | 246 | | 246 | | | |
| Ioncam iomlán | | 391,719 | 1,397,934 | 1,789,653 | 549,342 | 1,672,713 | 2,222,055 |
| **Caiteachas** | | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí carthanachta | 6.1 | 629,966 | 979,195 | 1,609,161 | 622,124 | 742,145 | 1,364,269 |
| Glanghnóthachain/(caillteanais) ar infheistíochtaí | | | (3,570) | (3,570} | | | |
| Glanioncam/(caiteachas) Aistrithe idir cistí | | (238,247} | 415,169 | 176,922 | (72,782) | 930,568 | 857,786 |
| Luaineacht ghlan sna cistí don bhliain | | (238,247} | 415,169 | 176,922 | (72,782) | 930,568 | 857,786 |
| Réiteach cistí | | | | | | | |
| Iarmhéideanna arna dtabhairt ar aghaidh an 1 Meán Fómhair 2018 | 13 | 378,240 | 1,627,303 | 2,005,543 | 451,022 | 696,735 | 1,147,757 |
| Iarmhéideanna arna dtabhairt ar aghaidh an 31 Lúnasa 2019 | | 139,993 | 2,042,472 | 2,182,465 | 378,240 | 1,627,303 | 2,005,543 |

Sa Ráiteas faoi Gníomhaíochtaí Airgeadais, cuirtear san áireamh na gnóthachain agus caillteanais go léir a aithníodh sa bhliain. Tá an t-ioncam agus caiteachas ar fad ag baint le gníomhaíochtaí atá fós ar siúl.

Formheasta ag Bord na nIontaobhaithe ar an 25/02/20 agus sínithe thar a cheann ag:

Jim Gahan
Trustee

Noel O'Connor
Iontaobhaí

## Fondúireacht OT Baile Átha Cliath

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS ACHOMAIR

don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | Ráiteas faoi Ghníomhaíochtaí Airgeadais | | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam comhlán neamhshrianta | Cistí | 391,719 | | |
| | Cistí srianta | 1,397,934 | | |
| | | | 1,789,653 | 2,222,055 |
| Glanghnóthachain/(Caillteanais) ó dhiúscairtí sócmhainní seasta, Cistí neamhshrianta | Cistí srianta | (3,570) | | |
| | | | (3,570) | |
| Ioncam iomlán | | | 1,786,083 | 2,222,055 |
| Caiteachas iomlán | | | (1,609,161) | (1,364,269) |
| Glanioncam/(caiteachas) | | | 176,922 | 857,786 |

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta diomaite den bharrachas don bhliain. Rinneadh na torthaí don bhliain a ríomh ar bhonn an chostais stairiúil.

Approved by the Board of Trustees on

Jim Gahan
Trustee

Formheasta ag Bord na nIontaobhaithe ar an 25/02/20 agus sínithe thar a cheann ag:

Noel O'Connor
Iontaobhaí

# CLÁR COMHARDAITHE

mar a bhí an 31 Lúnasa 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| Infheistíochtaí sócmhainní seasta | 10 | 68,728 | 72,298 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 2,118,456 | 1,938,854 |
| Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 11 | (4,719) | (5,609) |
| Glansócmhainní reatha | | 2,113,737 | 1,933,245 |
| Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha | | 2,182,465 | 2,005,543 |
| **Cistí** | | | |
| Cistí srianta iontaobhais | | 2,042,472 | 1,627,303 |
| Ciste ginearálta (neamhshrianta) | | 139,993 | 378,240 |
| Cistí iomlána | 13 | 2,182,465 | 2,005,543 |

Formheasta ag Bord na nIontaobhaithe ar an 25/02/20 agus sínithe thar a cheann ag:

Jin[redacted]
Iontaobhaí

Noel O'Connor
Iontaobhaí

## RÁITEAS MAIDIR LE SREAFAÍ AIRGID
don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Luaineacht ghlan sna cistí | | 172,039 | 853,059 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Suim díscríofa ó infheistíochtaí | | 3,570 | |
| Ús is infhaighte agus ioncam mar sin | | (85) | (177) |
| | | 175,524 | 852,882 |
| Luaineacht i gcaipiteal oibre: | | | |
| Luaineacht i bhféichiúnaithe | | | 12,142 |
| Luaineacht i gcreidiúnaithe | | (890) | (32,382) |
| Airgead a gineadh as oibriúcháin | | 174,634 | 832,642 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús a fuarthas | | 85 | 177 |
| Díbhinní a fuarthas | | 4,883 | 4,727 |
| Airgead glan a gineadh ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | 4,968 | 4,904 |
| Méadú glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 179,602 | 837,546 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 1 Meán Fómhair 2018 | | 1,938,854 | 1,101,308 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid an 31 Lúnasa 2019 | 16 | 2,118,456 | 1,938,854 |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
don*bhliain* dar críoch an 31 Lúnasa 2019

## 1. EOLAS GINEARÁLTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea Fondúireacht OT Baile Átha Cliath atá corpriathe i bPoblacht na hÉireann. Is é oifig chláraithe na cuideachta ná OT Baile Átha Cliath, Túr an Chloig, Gráinseach Ghormáin, BÁC 7, príomhionad gnó na cuideachta carthanais. Tá na ráitis airgeadais á gcur i láthair in Euro (€) arb é sin airgeadra feidhmeach na cuideachta.

## 2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas go seasmhach nuair a bhíothas ag plé le hearraí a mheastar atá ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an charthanais.

**Bonn ullmhúcháin**
Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an Ráiteas maidir leis an gCleachtas Molta (SORP Carthanas i gcomhréir le FRS 102, i bhfeidhm in Eanáir 2015) agus le prionsabail na cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus reacht Éireannach a chuimsíonn Acht na gCuideachtaí, 2014. Déanann siad na caighdeáin um thuairisciú airgeadais atá ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta a chomhlíonadh. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas go seasmhach nuair a bhíothas ag plé le hearraí a mheastar atá ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais na cuideachta carthanais.

**Ráiteas comhlíontachta**
Rinneadh ráitis airgeadais na cuideachta don *bhliain* dar chríoch an 31 Lúnasa 2019 a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus i gcomhréir leis an Ráiteas faoi Chleachtas Molta (SORP) "Accounting and Reporting by Charities preparing their accounts in accordance with the Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland (FRS 102) (éifeachtach ón 1 Eanáir 2015)" agus FRS 102 'The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland".

**Ioncam**
Cuirtear san áireamh ioncam deonach nó caipiteal sa Ráiteas faoi Ghníomhaíochtaí Airgeadais nuair atá cuideachta charthanais ina theideal de réir an dlí, nuair is féidir a luach airgeadais a mheas go réasúnta cinnte agus go bhfuil cinnteacht réasúnta ann faoina fháil sa deireadh. Meastar go bhfuil teidlíocht oidhreachtaí bunaithe nuair a chuirtear in eolas don charthanas maidir le dáileachán atá le déanamh ag na seiceadóirí. Caitear le hioncam a fhaightear roimh fheidhmíocht faoi chonradh mar ioncam iarchurtha go dtí go dtuilltear é. Aithnítear deontais le haghaidh gníomhaíochtaí ioncam nuair a dhéantar na coinníollacha gaolmhara le haghaidh teidlíocht dlíthiúil a shásamh. Tugtar cuntas ar gach ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**Cistí**
Cuirtear cistí neamhshrianta i bhfeidhm ar dhiscréid na n-iontaobhaithe chun aon cheann de chuspóirí an charthanais a chur chun cinn. Déanann an deontóir cistí srianta a shrianadh ar mhaithe le cuspóir faoi leith agus ag teacht le hachainíocha agus tionscadail an charthanais

**Infheistíochtaí**
Luaitear infheistíochtaí a shealbhaítear mar shócmhainní seasta ar luach cóir. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí sócmhainní seasta airgeadais eile mar aon le haon cháin shiarchoinneálach sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain a bhfuil sé infhaighte.

**Creidiúnaithe**
Aithnítear creidiúnaithe ar luach cóir ar dtús agus ina dhiaidh sin luaitear iad ar chostas amúchta. Usáidtear modh an ghlanráta úis, ach amháin dá mbeadh an éifeacht lascainithe neamhábhartha, agus sa chás sin luaitear ar a gcostas iad.

**Airgead sa bhanc agus ar láimh**
Is éard is airgead sa bhanc agus ar láimh ná airgead ar féidir a ghlacadh as bainc a mbíonn níos lú ná fógra trí mhí i gceist lena aistarraingt.

**Cánachas**
Níl aon chánachas reatha ná iarchurtha ann mar tá díolúine ag an gcarthanas mar gheall ar gur carthanas atá ann. Déantar cáin bhreisluacha do-aisghabhála a chlárú mar chaiteachas mar a thabhaítear í.

## 3. BREITHIÚNAIS CHRITICIÚLA CHUNTASAÍOCHTA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ ÉIGINNTEACHTA MEASTACHÁIN

Chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú, tá bainistíocht de dhíth chun breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a imríonn tionchar ar bheartais a chur i bhfeidhm agus méideanna tuairscithe sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus caiteachais.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas i gcónaí agus déantar iad a bhunú bunaithe ar thaithí stairiúil agus imthosca eile, lena n-áirítear an t-ionchas go dtarlóidh nithe amach anseo ar creidtear iad a bheith réasúnta sna cúinsí atá ann.

Gnóthas leantach:
Tá an Bhainistíocht i ndiaidh buiséid a ullmhú le haghaidh tréimhse ar a laghad dhá mhí dhéag ó dháta formheasta na ráiteas airgidis a léiríonn nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an charthanais a dhliteanais a shásamh mar a bheidh siad dlite, agus leanúint mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann na hIontaobhaithe gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, níl aon choigeartuithe sna ráitis airgeadais seo ar na suimeanna glanluacha ná ar aicmiú na sócmhainní agus dliteanas a éireodh mura mbeadh an carthanas ábalta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## 4. FORÁLACHA ATÁ AR FÁIL CHUN EINTITIS BHEAGA A INIÚCHADH

I gcoitinne le cuid mhór cuideachtaí carthanais eile ar chomh-mhéid agus comhnádúr linn, úsáidimid ár n-iniúchóirí chun cabhrú linn na ráitis airgeadais a ullmhú.

## 5. IONCAM

### 5.1 GNÍOMHAÍOCHTAÍ CARTHANAIS

| | Cistí neamhshrianta | Cistí srianta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | E | € |
| Tacaíocht clár | 129,830 | 724,236 | 854,066 | 536,177 |
| Caipiteal | 128,616 | 421,666 | 550,282 | 1,332,532 |
| Tacaíocht mac léinn | 128,059 | 252,032 | 380,091 | 348,442 |
| | 386,505 | 1,397,934 | 1,784,439 | 2,217,151 |

### 5.2 INFHEISTÍOCHTAÍ

| | Cistí neamhshrianta | Cistí srianta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Ioncam | 4,968 | | 4,968 | 4,904 |

### 5.3 IONCAM EILE

| | Neamhshrianta Cistí | Srianta Cistí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Ioncam eile | 246 | | 246 | |

## 6. CAITEACHAS

### 6.1 GNÍOMHAÍOCHTAÍ CARTHANAIS

| | Costais dhíreacha | Costais eile | Costais tacaíochta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Tacaíocht clár | | 864,752 | 423 | 865,175 | 487,273 |
| Caipiteal | | 293,170 | 432 | 293,602 | 440,648 |
| Tacaíocht mac léinn | | 443,795 | 418 | 444,213 | 427,623 |
| Costais rialachais (nóta 6.2) | | 6,171 | | 6,171 | 8,725 |
| | | 1,607,888 | 1,273 | 1,609,161 | 1,364,269 |

## 6.2 COSTAIS RIALACHAIS

| | Costais dhíreacha | Costais eile | Costais tacaíochta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Seirbhísí dlí agus cuntasaíochta | | 6,171 | | 6,171 | 8,725 |

## 6.3 COSTAIS TACAÍOCHTA

| | Gníomhaíochta Carthanais | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Costais oifige | 1,273 | 1,273 | 1,224 |

## 7. ANAILÍS AR CHOSTAIS TACAÍOCHTA

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais oifige | 1,273 | 1,224 |

## 8 . SUIMEANNA DÍSCRÍOFA Ó INFHEISTÍOCHTAÍ

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna a díscríobhadh ó infheistíochtaí i mblianta roimhe<br>• sócmhainní reatha | 3,570 | |

## 9. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

**Líon fostaithe**

Bhí an líon daoine a bhí fostaithe ar an meán (iontaobhaithe feidhmiúcháin san áiremah) le linn na bliana mar seo a leanas:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | Líon | Líon |
| Riarachán | 4 | 4 |

| Sna costais ball foirne tá: | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | 282,307 | 281,185 |
| Costais pinsean | 12,910 | 5,148 |
| ÁSPC fostóra | 29,851 | 28,672 |
| | 325,068 | 315,005 |

Bhí fostaí amháin (2018:1 idir €90,000.€100,000} ar thit a shochair iomlána fostaí (costais pinsean an fhostóra as an áireamh} don bhliain sa chatagóir thíos:

€100,000-€110,000

**10. INFHEISTÍOCHTAÍ**

| | Eile infheistíochtaí |
|---|---|
| | € |
| Infheistíochtaí | |
| Costas | |
| An 1 Meán Fómhair 2018 | 72,298 |
| Athluachálacha | (3,570) |
| An 31 Lúnasa 2019 | 68,728 |
| Glanluach de réir na leabhar | |
| An 31 Lúnasa 2019 | 68,728 |
| An 31 Lúnasa 2018 | 72,298 |

**11. CREIDIÚNAITHE**

| Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhrú | 4,719 | 5,609 |

**12. CÚLCHISTÍ**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An 1 Meán Fómhair 2018 | 2,005,543 | 1,147,757 |
| don bhliain | 176,922 | 857,786 |
| An 31 Lúnasa 2019 | 2,182,465 | 2,005,543 |

**13. CISTÍ**

**13.1 RÉITEACH NA LUAINTEACHTA SNA CISTÍ**

| | Neamhshrianta Cistí | Srianta Cistí | Iomlán Cistí |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| An 1 Meán Fómhair 2017 | 451,022 | 696,735 | 1,147,757 |
| Luaineacht le linn na bliana airgeadais | (72,782} | 930,568 | 857,786 |
| An 31 Lúnasa 2018 | 378,240 | 1,627,303 | 2,005,543 |
| Luaineacht le linn na bliana airgeadais | (238,247) | 415,169 | 176,922 |
| An 31 Lúnasa 2019 | 139,993 | 2,042,472 | 2,182,465 |

**13.2 ANAILÍS AR LUAINEACHT CISTÍ**

| | Iarmhéid 1Meán 2018 | Ioncam | Caiteachas | Aistrithe idir cistí | Iarmhéid 31 Lúnasa 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Ioncam srianta | | | | | |
| Cistí srianta | 1,627,303 | 1,397,934 | 982,765 | | 2,042,472 |
| Ioncam neamhshrianta | | | | | |
| Neamhshrianta ginearálta | 378,240 | 391,719 | 629,966 | | 139,993 |
| Cistí iomlána | 2,005,543 | 1,789,653 | 1,612,731 | | 2,182,465 |

**13.3 ANAILÍS AR GHLANSÓCMHAINNÍ DE RÉIR CISTE**

| | Airgeadais seasta sócmhainní | Reatha sócmhainní | Reatha dliteanais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Cistí srianta iontaobhais | 68,728 | 2,118,456 | | 2,187,184 |
| Cistí neamhshrianta ginearálta | | | {4,719) | (4,719) |
| | 68,728 | 2,118,456 | (4,719) | 2,182,465 |

**14 STÁDAS**

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Tá

dlitineas na mball teoranta.

Glacann gach ball den chuideachta chucu cur le sócmhainní na cuideachta má tharlaíonn í a bheith foirceanta le linn dóibh a bheith ina mball, nó bliain ina dhiaidh, as fiacha agus dliteanais na cuideachta a conraíodh sular stad siad de bheith ina mball a íoc, chomh maith le costais, muirir agus caiteachas as forceannadh, agus as coigeartú chearta na ranníocóirí eatarthu féin, cibé méid a bheidh ag teastáil, gan € 1 a shárú.

**15 IDIRBHIRT COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ GAOLMHARA**

Bunaíodh Fondúireacht OT Baile Átha Cliath mar charthanas cláraithe agus Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta chun gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid a úsáid chun tacú le OT Baile Átha Cliath. Déantar párolla Fhondúireacht OT Baile Átha Cliath a sheachfhoinsiú chuig OT Baile Átha Cliath ar bhonn nach bhfuil táillí i gceist. Ligeann OT Baile Átha Cliath d'Fondúireacht OT Baile Átha Cliath a háitreabh a úsáid saor in aisce. Tá comhaontú seirbhíse ann idir **OT** Baile Átha Cliath agus Fondúireacht OT Baile Átha Cliath leis na socruithe sin a léiriú.

**16. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéideanna airgid agus bainc | 2,118,456 | 1,938,854 |

**17. IMEACHTAÍ I NDIAIDH AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE**

Ní raibh aon imthosca ná imeachtaí ann ó bhí deireadh na bliana ann, a raibh coigeartú ag teastáil ina leith ná nochtadh sna ráitis airgeadais ná sna nótaí a ghabhann leo.

**18. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Rinne Bord na nIontaobhaithe na ráitis airgeadais a fhormheas agus a údarú lena n-eisiúint an
*25/02/2020*

FONDÚIREACHT OLLSCOIL

TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH:

FAISNÉIS FHORLÍONTACH A BHAINEANN LEIS

NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR

CRÍOCH AN 31 LÚNASA 2019

NACH GCLÚDAÍTEAR AG TUARASCÁIL NA
nINIÚCHÓIRÍ

## FAISNÉIS FHORLÍONTACH A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
## RÁITEAS OIBRIÚCHÁIN
don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | Sceideal | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | 1,784,439 | 2,217, 151 |
| Gníomhaíochtaí carthanais agus costais eile | 1 | (1,609,161) | (1,364,269) |
| | | 175,278 | 852,882 |
| Ioncam ilchineálach agus athruithe ar infheistíochtaí | 2 | 1,644 | 4,904 |
| Barrachas glan | | 176,922 | 857,786 |

# Fondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta BÁC

## FAISNÉIS FHORLÍONTACH A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS SCEIDEAL 1: GNÍOMHAÍOCHTAÍ CARTHANAIS AGUS COSTAIS EILE

don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Costais | | |
| Mac Léinn | | |
| Scoláireacht Mont Kavanagh | 24,083 | 13,375 |
| Tionscadal bliantúil cistí | 68,500 | 5,450 |
| Scoláireacht Marriott | 31,934 | 28,852 |
| Scoláireacht taistil | 5,000 | 10,000 |
| Scoláireacht Musgrave | 24,000 | 24,000 |
| Scoláireacht Wallace | 6,000 | 6,000 |
| Scoláireacht Panelto | 18,000 | 18,000 |
| ICubed | 35,000 | 33,000 |
| Scoláireacht ó The Ireland Funds | 6,000 | 6,000 |
| Scoláireacht SIRUS | 6,000 | 6,000 |
| Scoláireacht Schneider | | 3,400 |
| Sparánacht Eileen Fitzpatrick | 4,135 | |
| Scoláireacht Green REIT | 12,000 | |
| Scoláireacht Intel | 24,500 | |
| Duaiseanna DCT | 1,000 | |
| Scoláireacht na hArdscoile Ceoil agus Drámaíochta | 1,000 | 1,000 |
| Scoláireacht Morrisson | 16,000 | 21,000 |
| Tionscadail eile | 132,217 | 77,865 |
| Scoláireacht Ocean Edge | | 6,000 |
| Costais iomlána mac léinn | 415,369 | 259,942 |
| Caipiteal | | |
| Scoil Ealaíona Cócaireachta | | 100,000 |
| TopCon | 62,500 | 62,500 |
| Musgrave MarketPlace | | 83,333 |
| Costais iomlána chaipitiúla | | 245,833 |
| Clár | | |
| Rochtain ar phrintíseacht | 468,521 | 113,676 |
| Bonnphointe | 32,389 | 27,874 |
| Ciste Innealtóireachta Seirbhísí Foirgníochta | | 95,000 |
| Costais iomlána clár | 500,910 | 236,550 |
| Costais as Bainistíocht agus Riarachán | | |
| Tuarastail | 312,158 | 309,857 |
| Costais as ranníocaíochtaí sainithe pinsin ball foirne | 12,910 | 5,148 |
| Oiliúint foirne | | 300 |
| Bronnadh céimeanna | 80,661 | 78,000 |
| Imeachtaí alumnas | 14,018 | 21,882 |
| Priontáil, postas agus stáiseanóireacht | 4,417 | 2,778 |
| Fógraíocht | 148 | 148 |
| Costais comhdhálacha | | 5,271 |
| Costais ríomhaire | | 1,191 |
| Taisteal agus iostas | 10,556 | 22,244 |
| Dlíthúil agus gairmiúil | 7,807 | 6,725 |
| Cuntasaíocht | | 3,731 |
| Luach saothar as Iniúchóir/Scrúdaitheoir Neamhspleách | 6,171 | 4,994 |
| Táillí bainc | 1,273 | 1,224 |
| Tiomsú airgid CCS | 176,813 | 153,750 |
| Costais ghinearálta | | 1,467 |
| Síntiúis | 3,450 | 3,234 |
| Costais iomlána as Bainistíocht agus Riarachán | 630,382 | 621,944 |
| Costais iomlána | 1,609,161 | 1,364,269 |

## SCEIDEAL 2 :IONCAM ILCHINEÁLACH AGUS ATHRUITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ
don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2019

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ilchineálach agus athruithe ar infheistíochtaí | | |
| Ioncam ilghnéitheach | 246 | |
| Ús bainc | 85 | 177 |
| Ioncam ó infheistíochtaí liostaithe | 4,883 | 4,727 |
| Suimeanna díscríofa ó infheistíochtaí | (3,570) | |
| | 1,644 | 4,904 |